

lascaigh Intíre Éireann
Tuarascáil Tionscnaimh
2011



lascach Intíre Éireann
Inland Fisheries Ireland

Clár Ábhar

Ráiteas Misin	2
Comhaltaí Boird/An Fhoireann Bainistíochta	3
Ráiteas an Chathaoirligh	4
Ráiteas um Rialáil Airgeadais Inmheánach	6
Nóta Tráchtá an Phríomhfheidhmeannaigh	8
Tuairiscí Rannánacha	
Oibríochtaí	11
Taighde & Forbairt	24
Forbairt Ghnó	31
Lóistíocht	41
Acmhainní Daonna	45
Airgeadas & TFC	48
Gluais Téarmaí	52
Aguisíní	
1. Léarscáil Cheantar Abhantraí	53
2. Forbairt iascach agus suirbhéanna a rinneadh in 2011	54
3. Tuarascáil ar rialú truaillithe agus cáilíocht uisce 2011	55
4. Stocáil Iasc 2011	56
5. Ceadúnais Iascaireachta agus tuarascáil iascach bainistithe ag an mBord 2011	57
6. Tuarascáil chosanta agus fhaireachais 2011	58
7. Tuarascáil Líon na bhFoirne amhail Nollaig 2011	58
8. Tuairisceáin Ceadúnas Slatiascaireachta Bradán agus Breac Geal agus Logleabhair do 2011	59
9. Díolacháin Ceadúnas Slatiascaireachta Bradán agus Breac Geal i ngach RBD do 2011	59
10. Gabhálacha Tráchtála Bradán agus Breac Geal de réir Abhann ó Thuairisceáin Logleabhair	60
11. Clibeáil agus Athghabháil de Speiceas Mara suas le Nollaig 2011	61
12. Íocaíochta Prasa 2011	62
13. Sceideal na dTáillí agus na gCostas a íocadh leis an mBord IFI in 2011	62
14. Tábla Gabhálacha 2011	63-70

Ráiteas Misin

“A chinntiú go gcaomhnaítear acmhainní nádúrtha luachmhara na n-iascach intíre agus na slatiascaireachta farraige, go bhforbraítear agus go gcuirtear chun cinn ar a mbonn féin iad chun toradh dearfach don phobal agus don chomhshaol a ghiniúint. ”

Príomhfheidhmeanna

Is í Iascaigh Intíre Éireann an ghníomhaireacht reachtúil do na hiascaigh intíre in Éirinn. Feidhmíonn sí faoi choimirce na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Leagtar príomhfheidhm Iascach Intíre Éireann amach faoi Alt 7 (2) den Acht Iascaigh Intíre 2010. Is é seo an acmhainn iascaigh intíre a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú. Is iad feidhmeanna ginearálta an IFI chun:

- a) caomhnú, cosaint, bainistiú, margaíocht, forbairt agus feabhsú na n-iascach intíre, lena n-áirítear an tslatiascaireacht farraige, a chur chun cinn agus a éascú, chun tacú leo agus chun comhairle a thabhairt don Aire ina leith;
- b) beartas agus straitéisí náisiúnta i ndáil le hiascaigh intíre lena n-áirítear an tslatiascaireacht farraige, a fhorbairt agus chun comhairle a thabhairt don Aire ina leith, agus
- c) an beartas agus na straitéisí arna bhforbairt agus arna gcomhaontú faoi (b) leis an Aire; chun a bhforfheidhmiú a chinntiú.

Iascach Intíre Éireann, Comhaltaí Boird

An tUas. Brendan O'Mahony (Cathaoirleach)	arna cheapadh le héifeacht ó 1 Iúil 2010
An tUas. John Carroll	arna cheapadh mí na Samhna 2010
An tUas. Andrew Duncan	arna cheapadh le héifeacht ó 1 Iúil 2010
An tUas. Lal Faherty	arna cheapadh le héifeacht ó 1 Iúil 2010
An tUas. John Geary	arna cheapadh mí na Samhna 2010
An Dr. Frances Lucy	arna cheapadh le héifeacht ó 1 Iúil 2010
An tUas. Marcus Mac Mahon	arna cheapadh mí na Samhna 2010
An tUas. Michael McGreal	arna cheapadh mí na Samhna 2010
Iníon Muireann O'Neill	arna cheapadh mí na Samhna 2010

Freastal ar Chruinnithe an Bhoird 1 Eanáir 2011 go dtí 31 Nollaig 2011

Le linn na tréimhse 1 Eanáir go 31 Nollaig 2011 thionóil an Bord aon chruinniú déag an Bhoird. D'fhreastail gach comhalta an Bhoird ocht gcinn de na cruinnithe, agus comhalta amháin nach raibh in ann freastal ar dhá chruinniú agus beirt bhall eile nach raibh in ann freastal ar chruinniú amháin an duine.

An Fhoireann Bainistíochta

An Dr. Ciaran Byrne	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An tUas. Pat Doherty	Ceann Airgeadais agus TFC
An tUas. Kieran Murphy	Ceann Acmhainní Daonna
An Dr. Greg Forde	Ceann Oibríochtaí
An Dr. Cathal Gallagher	Ceann Taighde & Forbartha
An tUas. Brian Sheerin	Ceann Lóistíochta
Iníon Suzanne Campion	Ceann Forbartha Gnó.

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2011 Iascach Intíre Éireann (IFI) a chur faoi bhráid. Bunaíodh IFI go foirmiúil ar 1 Iúil 2010 tar éis cónascadh den Phríomh-Bhord Iascaigh agus seacht mBord Iascaigh Réigiúnacha. Leagtar príomhfheidhmeanna an IFI amach in Alt 7 den Acht Iascaigh Intíre, 2010, agus is iad acmhainn iascaigh intíre a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú. Ina theannta sin, is feidhm ghinearálta IFI an tAire a chur chun cinn, a thacú, a éascú agus comhairle a thabhairt dó maidir le hiascach intíre a chaomhnú, a chosaint, a bhainistiú, a mhargú, a fhorbairt agus a fheabhsú, lena n-áirítear slatiascaireacht farraige, mar atá leagtha amach in alt 7 (a) den Acht. Soláthraíonn an tuarascáil seo cuntas ardleibhéil ar an obair a rinneadh agus na seirbhísí a chuir IFI ar fáil le linn na tréimhse ó 1 Eanáir 2011 go dtí 31 Nollaig 2011.

Tá na cuntais airgeadais Iascach Intíre Éireann don bhliain go dtí 31 Nollaig 2011 ar fáil i dtuarascáil Airgeadais & TFC. Tá na cuntais sin á n-íniúchadh faoi láthair, mar sin cuirtear faoi bhráid iad i bhformáid dréachta, gan iniúchadh, sa tuarascáil seo.

De réir alt 13.1 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009;

(i) Ní raibh aon fhorbairtí suntasacha tráchtála a raibh tionchar acu ar an mBord le linn na tréimhse. Níor bhunaigh an Bord fochuideachtaí ar bith, ní raibh sé rannpháirteach i gcomhfhiontair nó ní bhfuair sé scaireanna;

(ii) Comhlíon an Bord leis na nósanna imeachta cuí maidir le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, soláthar agus diúscairt sócmhainní;

(iii) Tá ráiteas ar chóras an Bhoird um rialú inmheánach airgeadais ar fáil sa tuarascáil bhliantúil freisin;

(iv) Cuireadh na Cóid Iompair Ghnó do Stiúrthóirí agus d'Fhostaithe i bhfeidhm agus cloíodh leo. Tá na Cóid ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird;

(v) Chomhlíon an Bord le beartas an Rialtais maidir le pá na bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus pá gach fostaí;

(vi) Chomhlíon an Bord le treoirlínte Rialtais ar íocaíocht táillí Stiúrthóirí. Féadfaidh an tAire an luach saothair agus na caiteachais iníoctha le comhaltaí Bhoird an IFI a chinneadh. Sna litreacha a cheap comhaltaí an Bhoird, bhí sé leagtha síos go mbeadh táillí le hóc le comhaltaí an Bhoird curtha siar go ceann dhá bhliain. Níor íoc an ghníomhaireacht comhaltaí an Bhoird fós a gcuid táillí ar fad atá dlite dóibh faoina Litreacha Ceapacháin;

(vii) Amhail láthair na huaire, ní raibh aon eachtraí chlár comhardaithe;

(viii) Chomhlíon an Bord leis na Treoirlínte um Measúnú agus Bainistiú Tograí Caiteachais Chaipitil;

(ix) Chomhlíon an Bord le gach riachtanas Bheartas Taistil an Rialtais;

(x) Rinne gach comhalta an Bhoird leasanna a nochtadh i gcomhréir leis an gCód Cleachtais 2009 maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.

(xi) Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009 agus tá an Bord ag comhlíonadh le forálacha an Chóid.

De réir Alt 13.2 den Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, is féidir liom a dhearbhu nár tharla aon fhorbairtí atá íogair ó thaobh na tráchtála de ar sna sé mhí roimhe sin. Sa bhliain airgeadais 2012, áfach, tá sé ar intinn ag Iascach Intíre Éireann roinnt dá áitreabh Bhaile Átha Cliath a athlonnú chun táillí cíosa suntasacha leanúnacha a sheachaint

agus freisin le cinntiú go bhfuil an príomh-oifig i suíomh níos oiriúnaí do fhreagraíocht náisiúnta nua.

Ba bhliain dúshlánach í 2011 don tseirbhís iascaigh, de thairbhe, amhail go leor Gníomhaireachtaí eile Stáit, go raibh laghduithe i mbuiséad roimhe, agus níos tábhachtaí fós go leanfaí leis an Lánchosca Earcaíochta na Seirbhíse Poiblí. D'ainneoin na ndúshlán seo, d'éirigh le gach ball foirne clár oibríochtaí cuimsitheach, dírithe ar ghnó a sheachadadh sna réimsí lárnacha de chaomhnú, cosaint, bainistiú, margaíocht agus forbairt.

D'aithin gach ceann de na seirbhísí a seachadadh le linn tréimhse na tuarascála seo éiteas "luach ar airgead" IFI. Mar gheall ar ghníomhaireacht iascaigh intíre amháin a bhunú, bhí coigiltis agus éifeachtúlachtaí suntasacha ann sa tslí a bhfuil an earnáil á hoibriú agus á bainistiú, agus conas seirbhísí a sholáthar i ngach ceann de na limistéir oibriúcháin. Mar sin féin, de thairbhe laghduithe móra i maoiniú státchiste, is gá díriú níos dlúithe ar chaiteachas, agus leanfar ar aghaidh in 2012 leis an gclár reatha chun costais a laghdú agus éifeachtúlachtaí a thabhairt isteach. Tá aitheantas mór tuilte ag an bhfoireann IFI maidir lena glacadh leis an iliomad dúshlán agus a n-obair dhlúth leis an bhfoireann sinsearach bainistíochta chun bealaí nua a fhorbairt le gnó a dhéanamh agus éifeachtúlachtaí agus teicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach agus a thacú ar fud na heagraíochta.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord as a dtacaíocht i rith 2011. In ainneoin nach bhfuil IFI ar an saol ach le bliain iomlán anuas, trína n-obair dhian agus a dtiomantas, rinne siad rud an-dearfach cheana féin, agus níl aon amhras orm, I thar shaolré an Bhoird, go mbeidh siad ina gcúnamh maidir le hearnáil an iascaigh a bhunathrú.

Beidh 2012 ina dúshlán níos mó ag an earnáil iascaigh intíre, agus le comhiarrachtaí an Bhoird, na foirne, na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha agus gach ceann dár bpáirtithe leasmhara, déanfaimid ár bpríomhaidhmeanna a sheachadadh d'earnálacha na n-iascach intíre agus slatiascaireacht farraige.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil leis an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, Pat Rabbitte agus leis an Aire Stáit sa Roinn seo, Fergus O'Dowd TD, agus leis na hoifigigh óna Roinn mar gheall ar a dtacaíocht láidir leanúnach.



Brendan O'Mahony

Cathaoirleach

Aibreán 2012



Ráiteas an Chathaoirligh um Rialáil Airgeadais Inmheánach

Agus an ráiteas seo a ullmhú agam is amhlaidh a bhrath mé ar aighneachtaí ó lucht bainistíochta Iascaigh Intíre Éireann. Bhí Bord IFI freagrach i gcaitheamh na tréimhse idir 1 Eanáir 2011 agus 31 Nollaig 2011 as a chinntiú go mbíonn córas rialála airgeadais inmheánaigh iomchuí i bhfeidhm.

Níorbh fhéidir leis na córais a bhí ag an mBord ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht absalóideach a sholáthar go dtabharfaí cosaint do shócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar go cuí iad agus go gcoshtar nó go mbraitear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha ar bhealach tráthúil.

Bhí an córas rialála airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreatlach faisnéise bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithdheighilt dualgas, agus córas tarmलगin agus cuntasáíochta. Áiríodh leis go háirithe na nithe seo a leanas:

- Pleananna straitéiseacha agus buiséid bhliantúla a bhí ceadaithe ag an mBord.
- Tuarascálacha buiséid ardleibhéil a rinne athbhreithniú ar fheidhmíocht in aghaidh buiséid agus a bhí athbhreithnithe ag cruinnithe an Bhoird agus ag cruinnithe an Choiste Iniúcháireachta.
- Cruinnithe na bainistíochta sinsearaí a bhí comhdhéanta den Phríomhfheidhmeannach agus baill den fhoireann sinsearach bainistíochta lena n-áirítear an Ceann Airgeadais, a bhuail le chéile go míosúil chun feidhmíocht in aghaidh buiséid a imscrúdú agus chun saincheistanna airgeadais a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht a phlé.
- Feidhm inmheánach iniúcháireachta a rinne comhlíonadh le beartais agus nósanna imeachta a mhonatóiriú, mar aon le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha laistigh den eagraíocht. Thuairiscigh an t-iniúcháir inmheánach do Chathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta.
- Coiste Iniúcháireachta a bhí comhdhéanta de thriúr comhlachtaí Boird ar a laghad agus a bhuail le chéile cúig huaire sa bhliain go dtí 31 Nollaig 2011. Áirítear le dualgais an Choiste na nithe seo a leanas:
 - a) athbhreithniú na ráiteas airgeadais bhliantúil sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird iad.
 - b) comhphlé de réir mar is cuí le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.
 - c) comhphlé d'aon fhadhb agus agús ag éirí as iniúchadh inmheánach agus seachtrach agus aon ábhar ar mian le hiniúcháirí a phlé leis an gcoiste (in éagmais an lucht bainistíochta de réir mar is gá).
 - d) athbhreithniú ar litir bainistíochta an iniúcháir sheachtraigh agus ar fhreagra an lucht bainistíochta.
 - e) athbhreithniú ar chórais rialála inmheánaí na mBord le tagairt ar leith do chistí an AE.
 - f) cinntí móra na bhfiosrúchán inmheánach agus freagra an lucht bainistíochta a bhreithniú.
 - g) ábhair ábhartha eile a bhreithniú, arna sainmhíniú ag an mBord.

Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta chuig an mBord.

Glacann an Bord cinntí straitéiseacha móra agus buaileann sé le chéile ag eatraimh rialta chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus pleananna. Ní fheidhmíonn an lucht bainistíochta feidhmiúcháin ach amháin laistigh den sainchúram a tharmlichtear dóibh ag an mBord chun beartas agus cinntí an Bhoird a chur i bhfeidhm. Bíonn comhairleoirí gairmiúla an Bhoird ar fáil don Bhord faoi chomhair comhairliúcháin de réir mar is gá. D'fhaomh an Bord an beartas riosca faoi réir athbhreithnithe ar scóráil riosca.

Maidir leis an tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2011, rinne na hiniúcháirí inmheánacha athbhreithniú go foirmiúil ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais ar son an Bhoird.



Brendan O'Mahony
Cathaoirleach.

Nóta Tráichta ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, An Dr Ciaran Byrne

Leagann an tuarascáil seo amach ag ardleibhéal an obair bhí ar bun ag Iascach Intíre Éireann (IFI) i rith 2011. Ba é príomh fhócas na heagraíochta in 2011 plean gnó cuimsitheach a sheachadadh, a chlúdaíonn ár n-iascaigh intíre agus acmhainní slatiascaireachta a chaomhnú, a chosaint, a bhainistiú, a mhargú, a fhorbairt agus a fheabhsú, agus go tábhachtach, bunú de IFI a dhaingniú agus a thógáil leis mar ghníomhaireacht iascaigh amháin a bhfuil comhspríocanna agus cultúr eagraíochtúil aici.

Ghlac IFI leis agus d'oibrigh sé laistigh de chomhthéacs an Chóid Chleachtais 2009 um Rialachas na gComhlachtaí Stáit. In 2011 fuair IFI deontas stáitchiste de €24,950,000, agus as an méid sin dáileadh €19,000,000 nó 77% i dtreo chostas pá. Ghin IFI freisin €5,200,000 ó fhoinsí eile le linn 2011, méid a infheistíodh san acmhainn Iascaigh Intíre a bhainistiú, a chaomhnú agus a chosaint.

Airgeadas & TFC

Bhí an Rannán Airgeadais & TFC chun tosaigh maidir le déileáil leis na laghduithe i mbuiséid agus an soláthar de thoirteanna méadaithe d'fhaisnéis bhainistíochta agus airgeadais chuig an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha (DCENR) agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER). Rinneadh méid suntasach ama agus acmhainní a infheistiú in ailtireacht airgeadais agus TF a uasghrádú don eagraíocht nua, rud a léirigh an t-athrú ó ocht n-aonáin ar leith go dtí eagraíocht náisiúnta iascaigh intíre amháin.



Oibríochtaí

Tá an Rannán dírithe ar an ról lárnach de na seirbhísí iascaigh a sheachadadh i bpobail áitiúla, agus faigheann tacaíocht ina ról ó gach ceann de na Rannáin eile. Déantar an Rannán Oibríochtaí a bhainistiú ar bhonn Cheantar Abhantraí (RBD). Le linn tréimhse na tuarascála seo, bhí fócas lárnach an rannáin Oibríochtaí ar an bplean gnó comhaontaithe a sheachadadh do 2011 agus ar chur chuige comhleanúnach a fhorbairt maidir leis an acmhainn iascaigh intíre a bhainistiú, trí dea-chleachtais a aithint agus a chur i bhfeidhm i ngach RBD. Ag teacht leis an mbrú i dtreo nuachóirithe agus éifeachtachta, ghlac baill fhoirne ón Rannán le roinnt cleachtas oibre agus teicneolaíochtaí nua. Áirítear orthu sin an úsáid a bhaint as cadhcanna, rothair shléibhe agus árthaí uisce pearsanta (feithiclí scairdsciála), gach ceann acu a mhéadaíonn go suntasach éifeachtacht na ndualgas patróil cosanta iascach.

Taighde & Forbairt

Sheachaid na heolaithe sa Rannán Taighde & Forbartha clár saindírithe taighde agus forbartha, arna leagan amach sa plean Gnó 2011. Chlúdaigh an clár sin réimse tionscadal idir oibleagáidí reachtúla na hÉireann a shásamh faoin gCreat-Treoir Uisce agus an Treoir maidir le Gnáthóga chun comhairle eolaíochta a sholáthar don Aire maidir le stoic bhradán agus speicis éisc eile. Ba thréimhse fhíor-rathúil freisin í don chomhoibriú eolaíochta le comhghníomhaireachtaí, lena n-áirítear Oifig na nOibreacha Poiblí, Uiscebhealaí Éireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus Foras na Mara. Níorbh fhéidir go leor de na hinseachadtaí eochair-thaighde agus eochair-forbartha tarlú thar an tréimhse sin ach amháin mar thoradh ar na comhoibrithe rathúla úd. Ina theannta sin, sholáthraigh eolaithe sa Rannán seirbhís chomhairleach agus tacaíochta chuimsitheach don Aire agus don Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha.

Acmhainní Daonna

Is é an príomhdhúshlán atá os comhair an Rannáin Acmhainní Daonna thar thréimhse na tuarascála seo ná saothrú chun béascna eagrúcháin nua a fhorbairt don IFI, agus na tacaíochtaí agus seirbhísí HR/IR don phobal agus do Rannáin eile laistigh den IFI agus an líon foirne á bhainistiú síos chuig na leibhéil a cheadaíonn an Roinn Airgeadais faoin gCreatlach Rialála Fostaíochta (ECF). D'oibrigh an fhoireann ón Rannán freisin go handlúth le comhghleacaithe ón DCENR i soláthar de raon faisnéise HR a úsáideadh chun cabhrú le bainistíocht na hearnála poiblí, go háirithe sa chomhthéacs de laghdú ar mhéid na hearnála poiblí go ginearálta.

Forbairt Gnó


Trí IFI a bhunú, deis iontach a bhí ann stoc a bhaint as agus athfhócasú a dhéanamh ar conas a bhí iascaigh in Éirinn á bhforbairt, á margú agus á gcur chun cinn. Maidir leis seo, ba é tasc lárnach an rannáin i rith 2011 i margaíocht agus cur chun cinn na hacmhainne iascaigh a dhaingniú i seirbhís náisiúnta amháin, rud a dhéanadh éifeachtúlachtaí suntasacha a ghiniúint, agus an inniúlacht forbartha gnó a thógáil laistigh den Rannán.

Bhain glacadh ról ní b'onnghníomhaí san earnáil, saothrú le páirtithe leasmhara, agus tógáil na hinniúlachta laistigh den IFI leis an gceann deiridh, d'fhoneadh cruthú deiseanna gnó inbhuanaithe a éascú ón acmhainn iascach. Cuireadh chun cinn forbairt aonaid shaindirithe um oideachas agus for-rochtain iascach freisin le linn na tréimhse sin.

Lóistíocht

Mar chuid den trasdul chuig an IFI ab amhlaidh a athfhorbraíodh iar-Rannán Seirbhísí Allamuigh an Phríomh-Bhoird Iascaigh ina Rannán Lóistíochta, arbh í a príomhfheidhm cabhlach, trealamh agus gnóthaí saoraidí an IFI a bhainistiú. Gineadh éifeachtúlachtaí suntasacha ar fud fad na heagraíochtaí um cheannach agus leas an trealamh i rith na tréimhse a clúdaíodh leis an tuarascáil seo; agus laghdaíodh méid na cabhlaí go mór. Tionscnaíodh próiseas aitheanta agus measúnaithe um stádas agus caighdeán gach maoin an IFI ó thaobh bhainistiú na saoraidí de. Is iad baill fhoirne an Rannáin freisin a sholáthraigh seirbhís sláinte agus sábháilteachta don eagrais, agus a bhainistigh an scéim chlibeála bradán agus logleabhair, ag obair go dlúth le baill fhoirne sa Rannán Oibríochtaí.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo Chathaoirleach, Brendan O'Mahony, le mo chomhaltaí Boird, le bainistíocht agus foireann IFI, gan iad níorbh fhéidir an obair a tuairiscíodh sa tuarascáil bhliantúil seo a dhéanamh. I Samhain 2011, aistríodh an fhreagracht as bainistiú Iascach Intíre agus slatiascaireacht farraige chun foireann DCENR lonnaithe in oifig an Chabháin. Ba mhaith liom an deis a ghlacadh chun buíochas a ghabháil leis an iar-fhoireann a bhí sa Rannán Iascaigh Intíre laistigh den Roinn as ucht a gcuid tacaíochta le blianta fada, agus chomh maith leis an bhfoireann nua a ghlacann an phunann iascaigh intíre, mar gheall ar an obair dhian a rinne siad lena bhfaisnéis agus taithí ar an sainchúram a fheabhsú. Thug gach duine acu treoir agus tacaíocht don IFI le linn na tréimhse a clúdaíodh sa tuarascáil seo. Ba mhaith liom freisin moladh a thabhairt don fhoireann go léir IFI a leanann ar aghaidh le sármhaitheas agus tiomantas a thabhairt d'obair na heagraíochta. Tar éis dúinn ceann de na blianta is deacra a bhí ag an tseirbhís iascaigh le blianta fada anuas a chomhlánú, agus de thairbhe go bhfaca mé conas a d'fhreagair gach ball foirne agus gach geallsealbhóir na dúshlán, táim muiníneach agus dóchasach, leis an tiomáint, tiomantas agus saineolas a léiríodh sa bhliain seo a chuaigh thart, go bhfuileamar i riocht den scoth aon bhaic atá romhainn a shárú.



An Dr Ciarán Byrne

CEO

Iascach Intíre Éireann

Oibríochtaí

Oibríochtaí – Réamhrá

Tá an Rannán Oibríochtaí freagrach as an gcuid is mó den obair chaomhnaithe, fheabhsaithe, fhorbartha agus chosanta laistigh d'Iascach Intíre Éireann (IFI). Tá an Rannán faoi cheannas an Stiúrthóra Oibríochtaí, an Dr Greg Forde, a fhaigheann cúnamh ó sheisear Stiúrthóirí Cheantar Abhantraí. Nuair a bunaíodh IFI in 2010, bhí sé sin déanta ar bhonn na gCeantar Abhantraí a bhí ailínithe a bheag nó a mhór leis na hiar-Bhoird Iascaigh Réigiúnacha. Ó bunaíodh IFI, agus go háirithe in 2011, rinneadh athailíniú suntasach ar na Ceantair Abhantraí. Rinneadh oifigí Bhéal an Átha agus na Gaillimhe a chónascadh isteach i gCeantar Abhantraí an Iarthair agus aistríodh Ceantair ón Deisceart go dtí an Oirdheisceart agus ón Oirdheisceart go dtí an Iardheisceart. Déanfar tuilleadh comhdhlúthaithe agus athailínithe den bhainistíocht de réir mar is gá.

Ba bhliain athraithe í 2011; chaill an Rannán líon suntasach den fhoireann trí neamh-athsholáthar mar gheall ar an lánchosc leanúnach ar earcaíocht. Ina theannta sin, tháinig athrú suntasach ar an timpeallacht seachtrach maidir le gné chosanta agus fhorfheidhmithe an ghnó. Ba bhliain í 2011 le díriú ar na príomhthosaíochtaí agus le cinntiú go leanfaí ar aghaidh le gnó na bainistíochta iascaigh ar bhealach gan uaim tar éis an IFI a bhunú.

Cosaint Iascaigh

Tríd is tríd, ó theacht na nAngla-Normannach sa 10ú céad agus tabhairt isteach den choincheap d'úinéireacht phríobháideach mar acmhainn, in áit struchtúir úinéireachta tradisiúnta an phobail a bhíodh i bhfeidhm in Éirinn an tráth sin, bhí traidisiún d'iascaireacht mhídhleathach sa tír. Sular bunaíodh an Stáit sa 19ú céad, bhí iascaireacht mhídhleathach ina fadhb thromchúiseach agus í nasctha go dlúth le deighiltí sna haicmíanna idir na ranganna agus leis an úinéireacht phríobháideach de go leor de na hiascaigh is fearr ag tiarnaí talún 'neamhláithreachaí'. Déanta na fírinne, tá gnéithe den chineál seo oidhreacht le fáil in iascaigh go dtí an lá atá inniu ann.

Bíonn comhchoibhneas soiléir inbheartach ann idir staid an gheilleagair agus na leibhéil d'iascaireacht mhídhleathach; de réir mar a thagann feabhsú ar an ngeilleagar, tagann laghdú ar na leibhéil d'iascaireacht mhídhleathach. Ar an drochuair, is beag na fíor-fhaisnéise atá ann chun an dearbhú seo a imscrúdú. Is féidir a rá go cinnte, áfach, go mbíonn leibhéal áirithe d'iascaireacht mhídhleathach ann i gcónaí, gan aird ar staid an gheilleagair. D'fhéadfaí cur síos a dhéanamh air seo mar mar leibhéal bonnlíne d'iascaireacht mhídhleathach. Dá bhrí sin, bhí go traidisiúnta san am atá caite, tá i láthair na huaire agus beidh isteach sa todhchaí, is dócha, cosaint na hacmhainne iascaigh fhionnuisce agus chósta mar cheann de phríomhghnéithe na seirbhíse iascaigh agus ceann a úsáideann méid suntasach den acmhainn iascaigh i bhfoirm de bhuiséid agus de dhaonchumhacht.

Ba bhliain ghnóthach í 2011 i dtaca le cosaint iascaigh. Le linn na bliana, thionscain IFI 169 hionchúiseamh i dtaca le sárúithe de na hachtanna iascaigh agus truaillithe uisce (Féach Aguisín 6) agus bhí líon suntasach dóibh siúd os comhair na cúirte le linn 2011. Beidh an chuid eile os comhair cúirte in 2012. Leagtar amach freisin in Aguisín 6 miondealú na n-ionchúiseamh a tionscnaíodh i ngach Ceantar Abhantraí i rith 2011.

Mar thoradh ar an obair chosanta iascaigh a rinne foireann i rith na bliana, urghabhadh ceithre bhád déag agus os cionn tríocha míle slat eangaí, chomh maith le raon de ghiúrléidí eangaí agus slatiascaireachta eile. Cuirtear sonraí na míreanna uile a urghabhadh, lena n-áirítear dáta, dúiche, suíomh na gabhála agus sonraí faoi na nithe a urghabhadh ar fáil in Aguisín 14.

Ba threocht suntasach é le blianta beaga anuas, agus rud a leanadh ar aghaidh leis in 2011, ná gur tháinig laghdú ar an meánfhad na n-eangach mídhleathach a urghabhadh ó

bhí an t-iascach bradán tráchtála in oibriúcháin. Léiríonn an treocht sin an t-aistriú i dtreo úsáid d'eangaí níos lú chun díriú ar aibhneacha beaga agus ar inbhir agus limistéir chósta, áiteanna nuair nach mbíonn riosca go gcaillfidh póitseálaithe a gcuid eangach níos faide trí choigistiú.

Treocht suntasach eile a leanadh ar aghaidh leis in 2011 ná an méadú ar líon na n-eachtraí cosanta iascaigh tromchúiseacha, lena n-áirítear ionsaithe fisiciúla ar bhaill foirne, agus mí-úsáid bhéil agus iompar ionsaitheach. Tá an timpeallacht ina bhfuil Oifigigh Iascaigh ag feidhmiú níos ionsaithí agus tá imní ann go bhfuil cultúr de sceana a iompar ag dream beag ag teacht chun cinn. Is é seo in éineacht leis an laghdú ginearálta i líon na foirne agus líon níos mó de phatróil á dhéanamh ag daoine aonair ina ábhar imní. Bhí IFI chun tosaigh maidir ceannródaíocht a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua chun feabhas a chur ar shábháilteacht agus ar éifeachtúlacht a chuid ball foirne cosanta, agus le linn 2011 baineadh triail as roinnt tionscnamh nua, lena n-áirítear úsáid de chadhcanna agus rothair, le héifeachtacht na bpatról a fheabhsú. Leanann an fhoireann ar aghaidh lena n-úsáid a bhaint as Árthaigh Uisce Phearsanta (PWC) chun patrólú a dhéanamh ar inbhir agus ceantair chladaigh, agus cuadrothair/Feithiclí Uile-thír-raon (ATVanna) i limistéir eile. Cuireadh méid suntasach de mhaoiniú caipitil ar fáil chun feabhas a chur ar chineál agus ar nádúr an trealamh fhaireachais atá á n-úsáid ag Oifigigh Iascaigh, lena n-áirítear úsáid a bhaint as fíis oíche agus trealamh íomhánna teirmeach. Cuireann an trealamh seo feabhas suntasach ar chumas na nOifigeach Iascaigh chun teagmhais neamhdhleathach a bhrath agus, níos tábhachtaí fós, measúnú a dhéanamh ar staid sula dtéann siad i ngleic le póitséirí féideartha.

Forbairt Iascaigh

Is cuid ríthábhachtach den obair iascaigh ná ár n-aibhneacha agus ár lochanna a fhorbairt agus a fheabhsú, agus chomh maith leis sin bonneagar slatiascaireacht agus bainteach a sholáthar. Tugadh faoi cuid mhaith tionscadal feabhsúcháin ar fud na tíre in 2011, lena n-áirítear an ghníomhaíocht measartha simplí den fhásra cois bruaigh a ghlanadh agus tollánú a theorannú go dtí saothair i bhfad níos substaintiúla feabhsúcháin abhann. Léiríonn Aguisín 2 líon na n-aibhneacha a forbraíodh i ngach Ceantar Abhantraí mar aon le fad an chainéil abhann agus crios bruachánach a forbraíodh.

Rochtain ar Iascaigh

Tá cothabháil na rochtana ar iascaigh mar chuid thábhachtach de na hoibreacha a dhéanann foireann IFI in aon bhliain ar leith. Baineann an obair seo, atá ar siúl go leanúnach i ngach limistéar i rith na bliana, leis an rochtain fhisiciúil ar iascaigh a fheabhsú agus a chothabháil trí fhásra cois bruaigh a ghlanadh agus trí chrainn a bhearradh agus a fhiaradh nuair is gá. Ina theannta sin, tarlaíonn oibreacha níos ionraí áit a bhfuil gá ann bruach na habhann a chobhsú agus nuair is gá obair a dhéanamh sa sruth. Mar aon leis an obair seo, rinneadh struchtúir rochtana a chothabháil, a dheisiú agus a athsholáthar, amhail seastáin do shlatiascairí, dreapaí agus droichid choisithe. Tá cuid mhór den bhonneagar slatiascaireachta a cuireadh i bhfeidhm le linn an Bhirt Slatiascaireachta Turasóireachta (Clár TAM), a raibh an-rath ag baint leis, go déanach sna 1990í, tagtha chun deireadh a shaolré fóna go struchtúrtha, agus is gá é a athsholáthar. I dtaca leis seo, d'infheistigh an IFI méid suntasach ama agus acmhainní sa bhonneagar iascaigh a chothabháil, a dheisiú agus, nuair is gá, a athsholáthar. Tá sé mionsonraithe in Aguisín 2.



Figiúr 1. Tollánú agus blocáil d'Abhainn Ghleann Aoláin, fo-abhainn de Loch Bhéal Trá (Córas Bhaile Uí Fhiacháin), Maigh Eo, roimh oibreacha agus ina ndiaidh



Figiúr 2. Baint de sheastáin neamhshabháilte slatiascaireachta

Chomh maith le struchtúir fhisiciúla a chothabháil agus a dheisiú, tá cuid mhór de na hoibreacha forbartha iascaigh bunaithe ar ghnáthóga iascaigh nua a chruthú, amhail linnte slatiascaireachta, scarbháin, sleamhnuithe agus limistéir iasclainne agus thearmainn le haghaidh iasc óg agus gnáthóg sceathraí. Déantar go leor den obair a dhéantar chun gnáthóga iascaigh nua a chruthú i gcomhar le gníomhaireachtaí eile. Go deimhin, is é bonn iomlán an Chláir Fheabhsaithe Abhainn Comhshaoil rathúil (EREP) go mbíonn an fhoireann IFI ag obair go díreach le foirne innealtóireachta Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) le cinntiú go ndéantar cothabháil aibhneacha draenáilte ar bhealach nach ndéanann dochar do na héisc agus, más féidir, gnáthóga iascaigh a fheabhsú agus ag an am céanna a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais tíolacais uisce agus dhraenála an OPW.

Is é sampla den chineál oibreacha forbartha iascaigh a rinneadh é an Tionscadal Athchóirithe Abhainn Ghearr i gContae Liatroma ar cuireadh tús leis in 2010, mar thoradh ar thionchar ó sciarradh talún ollmhór ag feirm ghaoithe Ghléib Gharbhach in 2008. Bhí tionchar ag an sciarradh talún ar an Abhainn Ghearr ar fad ó fhoinsé an sleamhnán chuig an áit a dtéann an abhainn isteach an tSionainn ag Loch Aillionn. Thug an Bord Soláthair Leictreachais (ESB Éireann) €375,000 don IFI chun an clár athshlánaithe ar an abhainn a chur i gcrích. Go dtí seo, rinneadh 3km de chainéal a

athchóiriú ar thrí láithreán; in aghaidh srutha den droichead bóthair R280, ag an láithreán damba iarmharta, agus in aghaidh srutha ó Dhroichead Uí Rócháin. Áiríodh sna hoibreacha cosaint Rip-Rap de bhrúacha faoi chreimeadh, áit a bhfuil córas cosanta céimnithe bruaigh le cloch i bhfeidhm d'fhonn na brúacha faoi chreimeadh a chosaint, sraonairí leaba leibhéal a chruthú laistigh den chainéal, smionagar crann a bhaint, oibreacha feabhsúcháin a ath-aischur ar limistéir faoi thionchar ag tuilleadh smionagair agus céimeanna carraige nádúrtha a chruthú os cionn Droichead an R280 le haghaidh pásáiste iasc. Tá an tionscadal seo le críochnú in 2012.



Figiúr 3. Sampla den obair athshlánaithe a rinneadh ar an Abhainn Ghearr

Ghlac baill fhoirne ón Rannán Oibríochtaí páirt i raon suirbhéanna iascaigh le linn 2011 le tacú le bainistíocht iascaigh ar bhonn áitiúil agus freisin le ceanglais de roinnt Clár Náisiúnta atá á ndéanamh i gcomhar le baill foirne ón Rannán Taighde chun tacú le dualgais na hÉireann faoin gCreat-Treoir Uisce, an Treoir maidir le Gnáthóga agus na Rialacháin Eascann. Thacaigh baill foirne freisin leis na ceanglais suirbhé ar raon de chlár leanúnacha, amhail an clár leictre-iascaireacht ar fud an dobharcheantair a sholáthraíonn sonraí stoc bradán óg a sheoltar chuig an Buanchoiste Eolaíochta do Bhradán agus a úsáidtear mar chuid dá measúnú foriomlán ar an iascach.

Sampla de chuid de na suirbhéanna a rinneadh in 2011 ná an suirbhé líontóireachta imscrúdaithe ar Loch Leatóin atá suite in abhantrach Loch Meilbhe, a rinne foireann an IFI, an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Tuaisceart Éireann (DCAL) agus mic léinn ó Institiúid Teicneolaíochta Shligigh inar gabhadh ceithre speiceas éisc agus hibrid róiste/brain agus gabhadh 652 iasc aonair. Rinneadh suirbhé suntasach eile ar an Abhantrach na hEithne idir Loch Dairbhreach agus Loch Rí do speiceas ionrach iasc an

phlobáin. Tá sonraí na suirbhéanna a rinne baill fhoirne ón Rannán Oibríochtaí ar fáil in Aguisín 2.

Bainistíocht Iascach

Tá roinnt iascach suntasach áineasa faoi úinéireacht agus oibriúchán IFI ar son an Stáit; is na trí cinn is suntasaí de na hiascaigh seo ná Iascaigh Linn Droma na Muaidhe & Chluain Gaoith, Iascach na Gaillimhe agus Iascach Oirimh.

Iascaigh na Muaidhe agus Chluain Gaoith

Ní raibh aon neartú marthanach de bhradáin ar bhuillí Iascach na Muaidhe i mBéal an Átha i rith 2011 mar gheall ar roinnt cúiseanna. Gach uair a tosaíodh méadú ar líon na mbradáin, d'éascaigh dálaí tuile a n-imirce in aghaidh srutha, agus níor cuireadh tús le príomhrith bláthán go dtí fada isteach i mí Lúnasa nuair a bhí an abhainn cheana féin faoi thuile. Mar sin féin, tá sé soiléir ón tábla thíos gur bhain Iascach Chluain Gaoith in aghaidh srutha buntáiste as na dálaí seo, de thairbhe go raibh díolacháin ceadúnas méadaithe go mór ar 2010 agus ar an bhfigiúr is fearr ó ceannaíodh an t-iascach in 2006. Bhí sé seo ina chúiteamh páirteach don titim foriomlán in ioncam ceadúnas ar an Muaidh. Tá sé suntasach freisin gur laghdaíodh táillí ceadúnas Iascach na Muaidhe in 2011 chun glacadh a spreagadh i measc slatiascairí agus gur cailleadh thart ar €5,660 in ioncam ceadúnas Iascach na Muaidhe mar thoradh ar an straitéis phraghsála seo, agus a bhí lagaithe de thairbhe líon na n-imeachtaí suntasacha drochaimsire.

Tábla 1. Ioncam Ceadúnas ó Iascaigh na Muaidhe agus Chluain Gaoith in 2010 agus 2011

Iascach	2010	2011	% athrú
An Mhuaidh	€145,495	€114,409	-21.40%
Cluain Gaoith	€34,245	€46,710	+36.40%
Iomlán	€179,740	€161,119	-10.34%

Iascach na Gaillimhe

Taifeadadh séasúr maith in 2011 in ainneoin ritheanna beagán laghdaithe bradán agus uisce ard go déanach sa séasúr agus iascaireacht i Meán Fómhair a bheith go héifeachtach dodhéanta mar thoradh air sin. Ba é an ghabháil a taifeadadh ar an iascach 624 bradán, agus meastar gur gabhadh 220 iasc ó na buillí in aghaidh srutha agus le sruth nuair a bhíonn ceadúnais séasúir eisithe do shlatiascairí áitiúla, rud a fhágann gabháil iomlán de 844 bradán. Ba é 1,217 líon iomlán na laethanta slaithe iascaireachta, ar a raibh tionchar ag an uisce ard i Meán Fómhair. Tá an t-ioncam a ghin an t-iascach sonraithe thíos, agus figiúirí 2010 ann le haghaidh comparáide.

Tábla 2. Miondealú Ioncaim Iascach na Gaillimhe do 2010 agus 2011

Sruth Ioncaim	2010	2011	% athrú
Taiscí/Ceadúnais	€86,079	€88,409	+2.7%
Díolacháin Ceadúnas	€15,560	€14,404	-7.4%
Iomlán	€101,639	€102,813	+1.15%

Iascach na hOirimhe

Bhí séasúr an-mhaith ag Iascach na hOirimhe agus gabhail de 528 bradán taifeadta, agus scaoileadh 260 den mhéid sin agus coinníodh na 268 fágtha, lena n-áirítear 54 bradán rainse. Bhí na bradáin rainse seo mar chuid de bhaisc trialach gealóg a scaoileadh an bhliain roimhe sin agus a ligeadh fillleadh ar an iascach. Gabhadh na héisc le slat agus líne amháin ar Réimse 9 mar tá ceanglas ann iad a bhaint nuair a théann siad isteach ar an ngaiste ag an eas mar ní raibh siad mar stoc na hOirimhe go géiniteach. Tá rátaí gabhálaí agus laethanta slaite iascaireachta le fáil sa tábla thíos.

Tábla 3. Oícheanta Leapa agus Laethanta Slaite Iascach na hOirimhe 2011

Mí	Oícheanta Leapa	Laethanta Slaite
Aibreán	0	1
Bealtaine	18	26.5
Meitheamh	111	103
Iúil	114	183
Lúnasa	169	256.5
Meán Fómhair	143	240
Iomlán	555	810

Méadaíodh ioncam ó €120,911 in 2010 go dtí €142,924 in 2011 mar gheall ar mhéadú 40% in ioncam ceadanna, méadú 6% in ioncam lóistín agus méadú 19% ar dhíolacháin cheadúnas. Tá sé seo ina mhalairt ar an treocht sa turasóireacht go náisiúnta le bliain anuas agus is dócha go léiríonn sé an tábhacht a bhaineann ritheanna bradán méadaithe, chomh maith le tuilleadh béime ar mhargaíocht agus ar chur chun cinn.

Tábla 4. Miondealú Ioncaim Iascach na hOirimhe do 2010 agus 2011

Sruth Ioncaim	2010	2011	% athrú
Lóistín	€74,484	€79,051	+6.1%
Ceadanna	€40,467	€56,753	+40.2%
Ceadúnais	€5,960	€7,120	+20.5%
Iomlán	€120,911	€142,924	+18.2%

Athchóiriú Coraí

Bá é tionscadal suntasach a rinne IFI le linn 2011 Cora Bhéal an Átha a athchóiriú agus a nuachóiriú. Cuireadh tús leis an tionscadal suaitheanta go gairid tar éis bunú an IFI in 2010 agus tugadh chun críche é go luath in 2011. Oibríodh an chora bhradán i mBéal an Átha ar feadh na gcéadta bliain mar mheicníocht ghaisteoireachta d'fhómhar tráchtála na mbradán. Mar gheall ar stoic bradán a bhí ag laghdú agus tuilleadh béime ar shliatiascaireacht bhradán a fhorbairt, tháinig deireadh le gaisteoireacht na mbradán ag an gcora i 1999. Ina dhiaidh sin, dhearbhaigh Comhairle Baile Bhéal an Átha an chora a bheith ina struchtúr faoi chosaint. Ón am sin, tháinig roinnt saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta tromchúiseacha chun solais i ndáil le hoibriú na cora agus tháinig

damáiste suntasacha ar bhonneagar na cora féin mar thoradh ar chaitheamh ginearálta agus ar na héifeachtaí ag roinnt tuilte móra agus damáiste ó charnáin mhóra smionagair.

Ba thionscadal casta é an chora a athfhorbairt, agus ba ghá aird chuí a thabhairt ar roinnt saincheisteanna ar nós leibhéil iomlaoideacha uisce agus freisin roinnt fadhbanna innealtóireachta an-deacair a bhaineann le huathobriú agus le hionchorprú d'áiritheoirí éisc isteach sa struchtúr faoi chosaint a bhí ann cheana féin. Ba é breis agus aon mhilliún Euro an costas tógála fuarthas 85% den chostas ó acmhainní dílse, go príomha trí dhíolachán an tseanfhoirgnimh oighir. Tá athchóiriú na cora bradán freisin ina chomhpháirt mhór in athfhorbairt an cheantair cois abhann i mBéal an Átha agus comhlánaíonn roinnt tionscadal a chuir Comhairle Bhaile Bhéal an Átha i gcrích le déanaí. Ina measc siúd ná an droichead coise nua go díreach in aghaidh an tsrutha ón gcora agus Ionad Ealaíon Bhéal an Átha a osclaíodh le déanaí, go díreach ar an taobh eile den abhainn. Is é an Taoiseach, an tUasal Enda Kenny TD a d'oscail an chora go hoifigiúil ar 2 Meán Fómhair 2011.

Figiúr 4. An Taoiseach le comhaltaí Boird IFI agus an CEO ag an searmanas oscailte



Figiúr 5. Radharc lánléargais ar an gcora athchóirithe

Iascaigh Thráchtála Bhradán & Eascann

Déanann IFI na hiascaigh bhradán tráchtála, bhreac gheal agus eascann a rialú agus a bhainistiú. Ar chúiseanna caomhnaithe dúnadh an t-iascach tráchtála eascann i 2009 agus d'fhan dúnta le linn na tréimhse atá clúdaithe ag an tuarascáil seo. Mar sin féin, rinne foireann oibríochtaí IFI monatóireacht ar an ngaiste eascann agus ar an gclár iompair a ghlac an ESB mar cheann de na bearta bainistíochta sa phlean bainistíochta le haghaidh eascann. Ina theannta sin, rinne foireann i Rannána Taighde agus Oibríochtaí IFI clár cuimsitheach monatóireachta d'eascanna i rith 2011 chun tacú le riachtanais eolaíocha de Rialacháin Eascann an Aontais Eorpaigh (CE 1100/2007).

Bradán & Breac Geal

Ba é 44,967 an líon iomlán de bhradáin agus 2,799 an líon iomlán de bhric gheala (os cionn 40cm) a tuairiscíodh gur gabhadh iad trí gach modh (lena n-áirítear gabh agus scaoil) faoi seach. Cé go raibh an ghabháil 2011 níos ísle ná 2010, bliain mhaith a bhí ann do shlatiascairí agus iascairí tráchtála agus coinníollacha iascaireachta fabhracha ann, rátaí marthanais mhuirí réasúnta agus ritheanna iasc tráthúla.

In 2011 ba é an ghabháil thráchtála 11,973 bradán agus 61 breac geal (os cionn 40 cm), rud atá comhionann le 69% den Ghabháil Iomlán Incheadaithe (TAC) de 17,399 iasc a leithdháileadh don earnáil iascaireachta tráchtála. Bhí na gabhálacha is mó de bhradáin tráchtála i gContae Chiarraí ar an Leamhain, is é sin 1,824 bradán (15.2% den ghabháil tráchtála), i gContae Luimnigh ar an bhFéil le 2,015 bradán (16.8% den ghabháil tráchtála), i gContae Chorcaí ar an Laoi le 1,239 bradán (10.3% den ghabháil tráchtála), agus i gContae Chorcaí ar an Abhainn Dubh le 886 bradán (7.4% den ghabháil tráchtála). Gabh iascairí tráchtála 27% den ghabháil in 2011, i gcomparáid le 28% in 2010 agus gabh slatiascairí áineasa 73% in 2011 i gcomparáid le 72% in 2010.

Eascanna

Lean foireann IFI le monatóireacht a dhéanamh ar na hoibríochtaí gaiste agus iompair maoinithe ag an ESB ag sé láithreán ar chóras na hÉirne i gcomhar le foireann ón Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta (DCAL) i dTuaisceart Éireann agus ag cúig láithreán ar chóras na Sionainne, chun céimshrian den eascann geal ar imirce chun na farraige a chinntiú timpeall na stáisiún hidrileictreach ag Béal Átha Seanaidh, Béal Leice agus Ard na Croise. Gabhadh iomlán de 24.9 tonna d'eascanna le haghaidh iompair chuig Inbhear na hÉirne le haghaidh scaoilte agus gabhadh 22.5 tonna d'eascanna le haghaidh iompair chuig Inbhear na Sionainne le haghaidh scaoilte. Aimsíodh roinnt sáruiithe neamhdhleathacha neamhbhainteacha agus gabhadh míreanna éagsúla de threalamh a úsáidtear in iascaireacht mhídhleathach le haghaidh eascann sna limistéir Uachtarach agus Íochtarach na Sionainne. Thug an fhoireann cúnamh freisin i ndáil le staidéir ghaolmhara eolaíocha mhonatóireachta agus chlibeála eascann.

Bainistíocht Chomhshaoil

Is é ceann de na róil reachtúla atá ag Iascach Intíre Éireann ár stoic iasc a chaomhnú agus a chosaint. I dtaca leis seo, measann IFI gurb iad éisc speiceas táscaire luachmhar maidir le sláinte iomlán an éiceachórais uiscigh. Is é forfheidhmiú na gcaighdeán maith cáilíochta uisce agus cosaint na ngnáthóg bruachánach cheann de na príomhfheidhmeanna atá ag sciathán comhshaoil na heagraíochta. Tá dhá ghné i gceist maidir le hobair na nOifigeach Comhshaoil san eagraíocht. Is é ceann acu breathnuithe a mheas agus a sholáthar maidir le sraith de na ceadúnais, iarratais, ceadanna pleanála agus tograí forbartha ar féidir tionchar a bheith acu ar cháilíocht uisce agus ar ngnáthóga

bruachánacha. Tá an obair seo an-struchtúrtha de ghnáth, agus é dírithe ar phróisis agus éilítear dlúthchaidreamh oibre idir foireann IFI, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí Stáit eile (amhail Coillte i gcás saincheisteanna foraoiseachta), nó comhairleoirí seachtracha chun na ráitis is gá agus/nó ceadanna le haghaidh gníomhaíochta a chur chun cinn a sholáthar, nó a mhalairt de chás. Baineann dara gné na hoibre le déileáil leis na gníomhartha, gníomhaíochtaí neamhphleanáilte a mbíonn tionchar acu ar an gcomhshaol uisceach, nó fiú na hiarmhairtí gan choinne mar gheall ar ghníomhaíochtaí pleanáilte. Tá an ghné seo den obair níos dírithe ar fhorfheidhmiú. Tá bród ag IFI a bheith ina eagraíocht oscailte agus trédhearcach a éisteoidh le buarthaí agus a chuirfidh cinntí cuí agus aiseolas ar fáil ar mholtaí ar bhealach atá loighiciúil agus comhsheasmhach. D'fhéadfaí an obair comhshaoil a bhriseadh síos i roinnt catagóirí leathana, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh seo a leanas; Pleanáil agus Bonneagar, Sladanna ar Éisc, Foraoiseacht, Astarraingt/Cóireáil Uisce/Urscaoileadh, Talmhaíocht agus Maolú Tuilte.

Sladanna ar Éisc

Nuair a chliseann córais agus nuair a bhíonn uiscí truaillithe, is é slad ar éisc an toradh dosheachanta. Dá bhrí sin, is é líon na sladanna ar éisc an baraiméadar deiridh de chaighdeán na hacmhainne uiscí agus rath na rialuithe comhshaoil. I rith 2011 tuairiscíodh 31 slad ar éisc. Tá miondealú orthu siúd de réir Cheantar Abhantraí in Aguisín 3 agus freisin de réir cúiseanna, nuair is féidir iad sin a aithint. Cé nach bhfuil aon shlad ar éisc inghlactha, tá líon na sladanna ar éisc tuairiscíodh in 2011 comhsheasmhach le blianta beaga anuas, agus 40 slad ar éisc tuairiscithe sa tréimhse Eanáir 2009 go dtí Meitheamh 2010, agus 14 slad ar éisc tuairiscithe sa tréimhse ó Mheitheamh 2010 go dtí mí na Nollag 2010. Ní thagann ionchúiseamh i gcónaí mar thoradh ar shlad ar éisc, de thairbhe, i gcásanna áirithe, go mbíonn sé dodhéanta foinse an truaillithe is cúis leis an slad ar éisc a rianú ar ais go dtí duine aonair nó gnó. Ina ainneoin seo, cuireadh tús le 16 ionchúiseamh a bhaineann le truailliú in 2011 i dtaca le slad ar éisc, mar le raon cionta comhshaoil eile.

Is cuid chaighdeánach fhreagartha IFI maidir le slad ar éisc agus le raon saincheisteanna comhshaoil eile ná sampla uisce a ghlacadh. I bhformhór na gcásanna, glactar sraith de shamplaí ó uisce in aghaigh srutha in áit nach raibh aon truailliú ann, go dtí uisce le sruth chun fairsinge éifeacht an teagmhais truaillithe a aithint. I dtaca leis seo, glacadh 3,500 sampla uisce in 2011, agus rinneadh tromlach suntasach acu siúd a phróiseáil i saotharlann na heagraíochtaí i Sord. Ach, is léir go ndéanfaí cuid acu a phróiseáil i saotharlanna creidiúnaithe lena n-úsáid in imeachtaí dlíthiúla.

Tá IFI páirteach freisin i roinnt clár monatóireachta comhshaoil, amhail sin ar Loch Síleann, nuair a glactar samplaí uisce mar chuid den mhonatóireacht ghnáthaimh. Tá sonraí de na samplaí uisce a glacadh in 2011 ar fáil in Aguisín 3.

Pleanáil & Bonneagar

Níl aon amhras gur tháinig laghdú ar líon na n-iarratas pleanála a fhaigheann Foireann Chomhshaoil IFI ó airde na tréimhse borrrtha geilleagair i lár na 2000í. Ina ainneoin sin, is gá cuid mhór iarratas a scagadh fós chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar féideartha ar an gcomhshaol uisceach. Ina theannta sin, cé go dtugann líon na n-iarratas a ndéantar a scagadh léiriú de chineál éigin ar na leibhéil ghníomhaíochta, ní chuirtear san aireamh an cineál nó sonraí an iarratais. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé a bheith éasca déileáil le réimse iarratas pleanála ar scála beag, ach is iad na tionscadail straitéiseacha bonneagair ar scála mór, mar shampla le haghaidh mótarbhealaigh náisiúnta nó forbartha d'fheirm ghaoithe a gcaitear méid díréireach ama orthu. Mar shampla, i gCeantar Bhéal an Átha rinneadh athbheithniú ar gach iarratas pleanála a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an gcomhshaol uisceach agus rinneadh aighneachtaí de réir mar ba chuí. Dá bhrí sin, le linn 2011 rinneadh measúnú ar 2,453 iarratas pleanála agus

rinneadh 52 aighneacht chuig na hÚdaráis Áitiúla ábhartha. Le bliain anuas, tá méadú suntasach tagtha ar líon na n-iarratas feirmeacha gaoithe a cuireadh isteach, agus i ndúiche Bhéal an Átha, bhí comhairliúchán ar siúl ag deireadh na bliana idir IFI Bhéal an Átha, an ESB agus Coillte maidir le dhá fheirm ghaoithe agus iomlán de 160 tuirbín i gceist. Tá siadsan le bheith lonnaithe laistigh de dhobharcheantair abhann na hAbhann Móire agus Chluanach Mór (Baile Phámar).

Foraoiseacht

Tá breis fianaise ann go bhfuil cuid suntasach de mhaoín fhoraoise faoi úinéireacht Stáit ag teacht anois chuig leibhéal aibíochta ina mbeidh tús curtha le tanúchán tosaigh, as a dtiocfaidh oibríochtaí glanleagain sa deireadh. As na hiarratais fhoraoiseachta ar déileáladh leo in 2011, bhain líon suntasach acu le bóithre nua foraoise do Coillte. Tugann sé seo an deis cuid den droch-chleachtas, mar is eol dúinn anois a bhí ann, a bhí déanta idir tríocha agus caoga bliain ó shin a chealú, ach is é an míbhuntáiste atá ann ná go bhfuil méid suntasach de ghníomhaíocht ar dhobharcheantair ardtailte ó ghlanleagan agus ó bhóithre foraoise a thógáil, a bhféadfadh tionchair dhiúltacha a bheith acu ar iascaigh.

Maolú Tuile

Mar gheall ar an meascán d'aimsir an-fhliuch le déanaí le linn an tsamhraidh agus an gheimhridh, agus drochphleanáil as a dtáinig forbairt shubstaintiúil de thuilemhánna i mbailte móra nó in aice le bailte móra, tháinig an tsaincheist de thuile go mór go béal an phobail. Is saincheist an-chorraitheach é tuile agus maolú tuile maolú, go háirithe dóibh siúd a raibh a dtithe nó a ngnóthlachaí faoi uisce, i roinnt cásanna níos mó ná uair amháin. I rith 2011, d'oibrigh IFI go dlúth le réimse d'údaráis reachtúla, go háirithe le roinnt Údarás Áitiúil agus le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW), a bhfuil sainchúram aige roinnt scéimeanna faoisimh tuile a sheachadadh ar fud na tíre. Oibríonn IFI leis na gníomhaireachtaí seo chun a chinntiú go seachadtar príomhriachtanais de scéim fhaoisimh thuile faoi leith ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, nuair is féidir. Sampla de na cineálacha oibre atá i gceist na an Scéim Fhaoisimh Thuile Challainn i gContae Chill Chainnigh, agus cúngú teoranta i gceist ar chainéal Abhainn Rí i bhfoirm de bhundú chun tógáil de bhallaí a éascú chun tuile a chosc.

I Scéim Fhaoisimh Thuile Chluain Meala críochnaíodh an pasáiste iasc le linn na bliana agus chonacthas bradáin ar imirce tríd, agus i Scéim Dhraenála Dhroichead na Bandan tionóladh roinnt cruinnithe le comhairleoirí a bhí fostaithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) i ndáil le hoibreacha beartaithe. I dtaca leis seo, shiúil foireann IFI fad an chainéil agus d'aithin siad na cineálacha éagsúla gnáthóg tábhachtach ó thaobh iascaigh de, lena n-áirítear scarbháin, sleamhnuithe agus linnte coinneála bradán ar an abhainn le sruth ón mbaile mór. Níos déanaí sa bhliain, thionól na comhairleoirí cruinniú poiblí inar nochtadh an "réiteach roghnaithe – an chothromaíocht iomlán is fearr idir an comhshaol agus an chosaint don bhaile ó thuille" mar dhraenáil mhór de 3.5km de chainéil abhann le sruth ón mbaile mór.

Chomh maith leis na príomhscéimeanna faoisimh tuile, bhí foireann IFI ar fud na tíre i gcomhairliúchán le hÚdaráis Áitiúla, le Boird Dhraenála agus le hOifig na nOibreacha Poiblí i ndáil le cainéal na habhann a chothabháil agus a dhraenáil.

Clár Áiritheoirí Iasc

Is gléasanna leictreonacha iad áiritheoirí éisc atá suiteáilte i suíomhanna straitéiseacha, de ghnáth ag pointe caol in aibhneacha, amhail coraí nó pasaistí iasc, a éascaíonn an comhaireamh leictreonach de na héisc agus iad ag dul ar imirce in aghaidh srutha nó le sruth. Tá áiritheoirí éisc in úsáid in Éirinn le blianta fada, ach suiteáladh an chéad cheann

de rang reatha áiritheoirí i gConamara i 1988. Ghlac IFI le húsáid na teicneolaíochta comhairimh iasc mar bhealach chun measúnú réasúnta cruinn a fháil ar líon na n-iasc imirceach, bradán go háirithe, i gcóras abhann. Maidir leis na háiritheoirí éisc, tá dhá phríomhchineál in úsáid in Éirinn, áiritheoirí éisc VAKI agus áiritheoirí éisc friotachais Logie.

Forbraíodh an t-áiritheoir éisc VAKI ar dtús le húsáid sa tionscal dobharshaothraithe mar bhealach chun éisc a chomháireamh agus meastachán a dhéanamh ar a gcuid bithmhais go tapa nuair a bhí siad á n-aistriú ó chás iasc amháin go cás iasc eile. Is é an t-áiritheoir éisc VAKI go bunúsach dhá scanóir infridhearg socraithe ar phlátaí agus iad scartha le bearna de thart ar 20cm. Nuair a théann an t-iasc tríd an mbearna, bristear an bhíoma infridhearg, agus gabhtar íomhá an éisc. Déantar an íomhá seo a thaifeadadh ansin. Tá na cineálacha áiritheoirí éisc seo oiriúnach go háirithe do na scálaí istigh de ghaistí éisc.

Tá an dara cineál áiritheora éisc ina áiritheoir éisc friotachais. Sa chás seo, déantar trí leictreoid a leabú i mbratra plaisteach bán, atá suite ansin ar aghaidh de chora 'crump'. Tá friotachas éisc níos ísle ná friotachas uisce. Mar sin, mar a thrasnaíonn iasc an bhacainn seo, téann siad thar na leictreoidí leabaithe, agus mar gheall ar an difríocht i bhfriotachas, déantar an réimse bunaithe in aice na leictreoidí shuaitheadh, rud a athraíonn friotaíocht idir-leictreoid. Le trí leictreoid is féidir an suaitheadh a thomhas ansin le droichead Wheatstone, nó le modh eile, chun méid agus treo i dtaistil na n-iasc a bhrath. Is é an tábhacht leis an bplaisteach bán ná chun cúlra gcodarsnacht a sholáthar ionas gur féidir an t-iasc a shainaithint trí cheamaraí suite a úsáidtear chun 'imeacht' a fhíorú, agus fuarthas amach freisin go raibh carbóin san ábhar níos dorcha sa phlaisteach, rud a chonduchtaigh leictreachas agus, dá bhrí sin, a thug léamha bréagacha.

I roinnt cásanna, tá an t-áiritheoir éisc lonnaithe i mbealach ar leith chun comháireamh iomlán na iasc ar imirce in aghaidh srutha agus le sruth in aon abhainn a chur ar fáil, agus i gcásanna eile soláthraíonn an t-áiritheoir éisc ceachtar acu comháireamh iomlán iasc imirceach in aghaidh srutha nó comháireamh páirteach iasc ar imirce in aghaidh srutha agus le sruth. Ar chúiseanna praiticiúlachta agus teorainneacha teicneolaíochta, ní féidir comháireamh iomlán iasc a bheith ann i ngach aibhneacha agus, i gcásanna den chineál sin, déanann IFI turgnaimh go rialta ag baint úsáide as clibeanna Trasfhreagróra Comhtháite Éighníomhach (PIT) chun céatadán na n-iasc ag taisteal tríd an áiritheoirí éisc a mheas.

Rinneadh an obair áiritheoirí éisc a rinne foireann IFI i 2011 a roinnt ina trí phríomhréimse; na háiritheoirí éisc atá ann cheana féin a chothabháil agus a uasghrádú, bogearraí bailíochtaithe a fhorbairt ar féidir a úsáid chun imeachtaí gluaiseachta éisc taifeadta ag an áiritheoir a bhailíochtú, agus roinnt áiritheoirí nua a fhorbairt agus a shuiteáil. Ina theannta sin, le bunú IFI, an clár áiritheoirí éisc a reachtáladh i roinnt Bord Iascaigh Réigiúnach in aonrú, a bheag nó a mhór, déantar é a lárú anois agus tairbhe á bhaint aige as cur chuige comhroinnte i dtaca le cothabháil agus forbairt.

Glacann cothabháil na n-áiritheoirí iasc méid suntasach ama agus acmhainní. Tá sé seo go príomha mar gheall ar na coinníollacha comhshaoil ina bhfeidhmíonn na háiritheoirí éisc. Tá go leor de láithreáin áiritheoirí éisc IFI in aibhneacha buinne díleann níos lú atá faoi riosa tuilte suntasacha, ar féidir damáiste a dhéanamh do na háiritheoirí iasc nó, ag brath ar méid an imeachta, an cumas le héisc a chomháireamh a bhaint astu mar gheall ar bhá ollmhór ar an struchtúr, gan bhrath ar na héisc, nó le héisc a théann go hiomlán thar an struchtúr faoi uisce. Ceann de na míbhuntáistí suntasacha ar an aimsir fhliuch i 2011 ná gur i roinnt cásanna d'fhéadfadh sé roinnt seachtainí a ghlacadh sular fhill leibhéil uisce go dtí leibhéal nuair a bhí sé sábháilte deisiúcháin a dhéanamh ar an áiritheoir éisc. Ullmhaíodh tuarascáil chuimsitheach áiritheoirí éisc ar leith ón tuarascáil seo.

Tábla 5. Sceideal na n-áiritheoirí éisc suite ar fud na hÉireann agus iad faoi bhainstíú IFI, agus a stádas oibríochtúil ag deireadh 2011.

Abhainn	Dúiche	Cineál (L) (V)	Cineál	Stádas
Abhainn Bhun Abhann	Baile na Coille	Logie	Áireamh iomlán	I bhfeidhm
Abhainn Ghlinne	Baile na Coille	Vaki and camera	Áireamh iomlán	I bhfeidhm
Abhainn Chúil Finn	Baile na Coille	Logie	Áireamh iomlán	I bhfeidhm
Abhainn Damhrois	Baile na Coille	Logie	Áireamh iomlán	I bhfeidhm
An Fhéil	Luimneach	Logie	Áireamh iomlán	I bhfeidhm
An Mháigh	Luimneach	Logie	Páirtáireamh	Le huasghrádú
An Mhaoilchearn	Luimneach	Logie	Áireamh iomlán	Le huasghrádú
An tSláine	Loch Garman	Logie	Páirtáireamh	I bhfeidhm
Abhainn an Chaisleáin Duibh	Droichead Átha	Vaki	Páirtáireamh	I bhfeidhm
An Eidhnigh	Béal Átha Seanaidh	Logie	Áireamh iomlán	I bhfeidhm
An Iascaigh	Béal Átha Seanaidh	Logie	Áireamh iomlán	I bhfeidhm
An Mhuinchinn (An Cheathrú Mhór)	Baingear	Logie	Áireamh iomlán	I bhfeidhm
An Mhuaidh	Béal an Átha	Logie Vaki	Páirtáireamh	Logie i bhfeidhm Vaki le suiteáil
An Abhainn Mhór	Baingear	Logie	Áireamh iomlán	Le huasghrádú
Abhainn Bhaile Easa Dara	Sligeach	Vaki	Áireamh iomlán	I bhfeidhm
An Abhainn Dubh	Baingear	Logie	Áireamh iomlán	I bhfeidhm
An Oirimh	Baile na Coille	Vaki	Áireamh iomlán	I bhfeidhm
Abhainn Chasla	Conamara	Logie	Áireamh iomlán	I bhfeidhm
Abhainn Bhaile na hInse	Conamara	Logie	Áireamh iomlán	I bhfeidhm
An Eidhneach	Conamara	Logie	Páirtáireamh	I bhfeidhm
Abhainn na Gaillimhe/Loch Coirib	Gaillimh	Logie	Páirtáireamh	I bhfeidhm
Abhainn Átha Féan	Dún Dealgan	Logie	Áireamh iomlán	Ceamara ag teastáil
An Níth	Dún Dealgan	Vaki	Áireamh iomlán	I bhfeidhm
An Abhainn Mhór Chiarraí	Ciarraí	Logie	Áireamh iomlán	I bhfeidhm
An Mhaing	Ciarraí	Logie	Áireamh iomlán	Le huasghrádú
Abha an	Ciarraí	Logie	Áireamh iomlán	I bhfeidhm

Choireáin				
Abhainn na Bandan	Corcaigh	Logie	Páirtáireamh	Le huasghrádú
Abhainn Dhún Coillín	Gaillimh	Logie	Áireamh iomlán	I bhfeidhm
Abhainn Bhoth Loiscthe	Gaillimh	Logie	Áireamh iomlán	I bhfeidhm
Abhainn Ghabhla	Conamara	Vaki	Áireamh iomlán	I bhfeidhm
Ann Gharbhóg	Sligeach	Vaki	Páirtáireamh	I bhfeidhm

Taighde agus Forbairt

Taighde agus Forbairt – Réamhrá

Tá bhainistíocht agus cinnteoireacht mhaith bunaithe ar chomhairle ardchaighdeán; tá cenaglas ag an Rannán Taighde agus Forbartha d'Iascach Intíre Éireann (IFI) comhairle eolaíochta a sheachadadh d'fhonn acmhainn iascaigh intíre na hÉireann a chaomhnú, a chosaint agus a fhorbairt go hinbhuanaithe. Leanadh ar aghaidh in 2011 leis an bhfás sa riachtanas i dtaca le sainchomhairle, agus iarratais ón Rialtas, onár máthair-Roinn, ó bhainistíocht IFI, ó pháirtithe leasmhara, ó ghníomhaireachtaí Stáit eile, ó chomhlachtaí idirnáisiúnta agus ó dhaoine aonair á seirbhísiú. Tá an caighdeán agus soláthar den chomhairle seo ag brath ar cháilíocht agus ar aois na sonraí atá ar fáil. Déantar na sonraí seo a sheachadadh trí cuid de na tionscadail ar a ndéantar cur síos sa tuarascáil seo.

Tá áthas ar an Rannán Taighde agus Forbartha IFI tuairisciú ar sheachadadh rathúil i gcoinne na spriocanna a leagadh amach i bPleananna Gnó 2011 IFI. Bhí bliain éifeachtúil ag gach tionscadal, in ainneoin na srianta acmhainne a bhí i bhfeidhm. Rinneadh saincheisteanna acmhainní a mhaolú trí thionscadail agus taisc a chur in ord tosaíochta. In ainneoin an bhearta tosaíochta sin, ní raibh roinnt tionscadal in ann na cláir allamuigh beartaithe a chur i gcrích ina n-iomláine. Níl sé beartaithe leis an tuarascáil seo gach ceann de na tionscadail agus na táirgí insoláthartha a cuireadh i gcrích a dhoiciméadú, ach léirítear cuid d'éachtaí móra an rannáin i 2011.

D'aithin IFI an bhagairt de speicis ionracha mar shaincheist a bhfuil an cumas aici codanna móra den acmhainn iascaigh intíre a scriosadh. Dá bhrí sin, tá ról le himirt ag gach ball foirne IFI chun dul i ngleic leis an bhagairt agus a chinntiú go bhfuil bithshlándáil mar thosaíocht. Le linn 2011, bhí IFI chun tosaigh sa chath chun ár gcomhshaol uisceach fionnuisce a chosaint, trí phróisis IFI a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt féideartha, trí chlár dhíothaithe, san fhorbairt de phrótacail bhithshlándála agus in oideachas de pháirtithe leasmhara. Fuair an obair seo tacaíocht trí thionscadail maoinithe ag an Aontas Eorpach (AE), amhail an Rialú de Speiceas Ionracha Uisceach in Éirinn (CAISIE) agus an tionscadal Saol na Maoilchearna, agus is é sin príomhghné i ngach tionscadal dár gcuid.

An Chreat-Treoir Uisce (WFD)

Mar cheanglas reachtúil ar chur i bhfeidhm in Éirinn de Chreat-Treoir Uisce an AE (a trasúodh isteach i ndlí na hÉireann trí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Beartas Uisce) 2003, I.R. UImh.722 de 2003), ní mór do IFI monatóireacht a dhéanamh ar bhreis agus 300 dobharlach, lena n-áirítear 154 láithreán aibhneacha, 78 dobharlach idirthréimhseacha (inbhir agus murlaigh) agus 78 loch, ar thimthriall mhonatóireachta trí bliana. Baintear úsáid as an eolas a bhailítear i ngach suirbhé chun 'stádas éiceolaíoch' a shannadh do gach dobharlach, agus úsaideann IFI an t-eolas freisin chun comhairle eolaíoch a dhéanamh chun tacú leis an acmhainn iascaigh intíre a chaomhnú, a chosaint agus a fhorbairt.

Bhí na suirbhéanna éisc WFD a rinneadh le linn 2011 mar chuid den dara clár trí bliana rollach 2010-2012. Thug foireann IFI suirbhéanna ar éisc chun críche go rathúil in iomlán de 30 loch, 50 abhainn agus 2 dhobharlach idirthréimhseach. Mar sin féin, níorbh é seo ach 67% den chlár beartaithe 2011 a bhí teoranta de bharr srianta acmhainne. Tá sonraí na suirbhéanna, lena n-áirítear léarscáileanna idirghníomhacha, ar fáil tríd an láithreán gréasáin WFD ag www.wfdfish.ie.



Figiúr 6. Clár Samplála Ábhann WFD

Treoir Gnáthóg agus Leabhar Dearg na Sonraí

Tá ceanglas ar IFI le monatóireacht a dhéanamh agus le tuairisciú, ar thimthriall 6 bliana, ar stádas na speiceas éisc atá liostaithe in Iarscríbhinn II de Threoir an AE maidir le Gnáthóga (Loimpre Abhann, Shrutháin agus Fharraige, Sead Fhallacasach agus Chill Airne, Pollán agus Bradán an Atlantaigh) de réir na gceanglas atá leagtha amach i dTreoir an AE maidir le Gnáthóga mar atá trasuite isteach i ndlí na hÉireann faoi IR 94 de 1997. Nuair is féidir, áirítear leis an gclár seo freisin monatóireacht a dhéanamh ar speicis éisc Leabhar Dearg na Sonraí Éireann, mar shampla, ruabhreac agus smealt. Deanann IFI tagairt do na speicis seo le chéile mar 'speicis éisc caomhnaithe'.

Toisc go bhfuil go leor de na speicis atá faoi imscrúdú annamh, nó go mbíonn siad le fáil i ndaonraí beaga in éiceachórais mhóra, d'fhéadfadh torthaí suirbhéanna a bheith an-difriúil, agus bíonn sé deacair prótacail chaighdeánacha a aimsiú a sholáthraíonn torthaí comhsheasmhacha agus láidre. Bhí an clár an-spreagúil agus trialacha allamuigh ag sampláil le haghaidh sead iar-larbhach in inbhir in 2011, agus déanfar an modh seo a imscrúdú tuilleadh in 2012. Chuir an fhoireann Treoir maidir le Gnáthóga, i gcomhar le baill fhoirne eile IFI, suirbhéanna i gcrích thar raon de speicis "caomhnaithe" i ndobharcheantair éagsúla. Tá sonraí breise ar an obair seo ar fáil ar láithreán gréasáin an IFI (www.fisheriesireland.ie).

Bhí foireann IFI ina ranníocóirí suntasacha ar Leabhar Dearg na Sonraí Éireann ar Éisc, Amfaibiaigh agus Reiptílí, foilsithe ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) le linn 2011.



Figiúr 7. Béal loimpre anadromach fharraige

Plean Bainistíochta Náisiúnta Eascann

Mar fhreagra ar chomhairle ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES), go bhfuil an eascann Eorpach (*Anguilla anguilla* L.) i mbaol agus go bhfuil an t-iascach neamh-inbhuanaithe, cruthaíodh an rialachán CE lena mbunaítear bearta chun an eascann Eorpach a aisghabháil (Rialachán Comhairle 11000/2007). Chuir sé seo ceanglas ar Éirinn plean bainistíochta eascann chun mortlaíocht eascann a laghdú agus chun a chinntiú go mbeadh méadú ar líon na n-eascann airgid ag éalú go Éirinn chun sceitheadh. Mar chuid de phlean bainistíochta na hÉireann bhí iascaigh a dhúnadh, hidreachumhacht a mhaolú, cinntiú d'imirce eascann in aghaidh srutha ag bacainní agus feabhas ar cháilíocht uisce. I Meitheamh 2009, ghlac an AE ár bplean náisiúnta a bheith leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a ardaíodh tríd an rialachán. Tá roinnt cuspóirí monatóireachta sa phlean bainistíochta eascann le comhlíonadh leis na gníomhartha bainistíochta a chinntiú. Tá dualgas ar an IFI na cuspóirí seo a chur i gcrích.

Ba í 2011 an tríú bliain den chlár monatóireachta eascann. Leanadh ar aghaidh le clár monatóireachta luathóige náisiúnta in ocht láithreán roghnaithe. Rinneadh staidéir eascann buí i gcúig loch (Bá Mhílic i Loch Deirgeirt, Co an Chláir; Loch Uachtair, Co an Chabháin; Loch Inse Uí Chuinn, Co an Chláir; Loch Ramhar, Co an Chabháin; Loch Bhaile na hInse, Co na Gaillimhe); Rinneadh sampláil freisin in Abhainn na Siúire, Port Láirge agus Inbhear na Bearú i gCill Chainnigh/Loch Garman. Thug IFI tacaíocht d'iascach taighde eascann airgid nua ar abhantrach Abhainn Átha Féan, d'fhonn an leibhéal céimshrianta eascann airgid a chinneadh. Leanadh ar aghaidh leis an staidéar athghabhála mairc (MR) agus rinneadh gach eascann ó Loch Deirgeirt agus Loch Uachtair a chlibeáil le clibeanna trasfhreagróra comhtháite éighníomhacha (PIT). Glacadh tomhais moirfeolaíocha (fad, meáchan, trastomhas súl, fad eite brollaigh srl) chun céim beatha a chinneadh agus aibiúchán a mheas. Rinneadh roinnt eascann a íobairt chun breis anailíse a dhéanamh sa tsaotharlann (leitheadúlacht, aois, fás seadán). Tá tuilleadh sonraí ar an obair a rinneadh ar fáil ar an láithreán gréasáin IFI (www.fisheriesireland.ie)



Figiúr 8. Suíomhanna na suirbhéanna a rinneadh faoin gClár Monataóireachta Eascann 2011

Tionscadal Ceilteach Bhreac Geal (CSTP)

Tá Tionscadal Ceilteach Bhreac Geal (ais Éireann-na Breataine Bige) mar chuid den chlár INTERREG Iva (Réigiún Nuálaíochta agus Comhshaoil na hEorpa) a fhaigheann maoiniú ón AE. Is é IFI an eagraíocht i gceannas maidir leis an gclár samplála bhreac geal a sheachadadh i bhfionnuiscí, in inbhir agus in uiscí cósta. Tá an tionscadal ag déanamh iniúchta ar éiceolaíocht chasta fhionnuisce agus mhuirí na mbreac geal chun tairbhí bainistíochta agus caomhnaithe a chur ar fáil do thíortha ar imeall Mhuir Éireann. Is iad seo a leanas aidhmeanna CSTP:

- Chun stoic na mbreac geal ar Mhuir Éireann a thuiscint agus cur síos a dhéanamh orthu agus, mar sin, le feabhas a chur ar iascaigh bhreac geal agus lena ranníocaíochtaí do cháilíocht bheatha, do gheilleagair thuaithe agus do bhitheagsúlacht náisiúnta a neartú.
- Chun iniúchadh a dhéanamh ar úsáid d'éagsúlacht staire saoil bhreac geal mar uirlis le héifeachtaí an athraithe aeráide a bhrath agus a thuiscint.

I 2011, chríochnaigh IFI sampláil de bhric óga i limistéir sceite bhreac geal ó thart ar 50 abhainn, agus le tacaíocht ó shliatascáir agus ó chlubanna, rinneadh samplaí scála bhreac geal ó éisc slat-gafa as na 10 gcóras breac geal tosaíochta in Éirinn a chóimheas. Leanadh ar aghaidh le sampláil intíre in 2011 agus rinneadh suirbhé tráláireachta 7 lá ar uiscí amach ón gcósta (amach ó chóstaí Éirinn agus na Ríochta Aontaithe) i Lúnasa. Ba é an suirbhé tráláireachta an chéad suirbhé den sórt sin ar Mhuir Éireann agus fuarthas samplaí tábhachtacha. Bhí IFI rannchuideach i ngach ceann de na seacht bpacáiste oibre éagsúla laistigh den CSTP, lena n-áirítear tacú leis an láithreán gréasáin CSTP www.celticseatrout.com

Tionscnamh Caomhnaithe Acmhainne Uisceach an Atlantaigh (AARC)

Tá Tionscadal Caomhnaithe Acmhainne Uisceach an Atlantaigh (AARC) mar chuid den Chlár Limistéir Atlantaigh an AE 2007-2013. Is comhoibriú idir 13 comhpháirtí idirnáisiúnta é i dtionscadal trí bliana (2010-2012) agus na gnéithe Éireannacha dírithe ar thionscnaimh aisriúchá do bhradáin an Atlantaigh i ndobharcheantar na Sionainne. Is iad na comhpháirtithe Éireannacha IFI, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC), Bord Soláthair Leictreachais (ESB) agus Foras na Mara (MI). Tá tuilleadh sonraí ar an obair a dhéantar ar fáil ar láithreán gréasáin IFI (www.fisheriesireland.ie)

I 2011, tríd an tionscadal seo, méadaíodh an tuiscint atá againn ar chuid de na fachtóirí is cúis le meath an daonra bradán sa tSionainn uachtarach, rud a sholáthraíonn an t-eolas is gá chun tacú le cláir fheabhsúcháin agus chaomhnaithe bhradán isteach sa todhchaí. Rinneadh anailís freisin in 2011 ar chomhdhéanamh géiniteach de dhaonraí bradán atá ann cheana féin laistigh de dhobharcheantar na Sionainne.

Taighde Eascann EELIAD

Tá IFI ina chomhpháirtí sa tionscadal EELIAD (Eascanna Eorpacha Measúnú Atlantach ar a Meath), rud atá ina thionscnamh taighde chun imscrúdú a dhéanamh ar éiceolaíocht agus bitheolaíocht na n-eascann Eorpach, atá maoinithe faoi Chlár Taighde Creat 7 an AE. Déanfar an fhaisnéis a thagann ón staidéar a chomhtháthú i samhlacha chun na tosca is tábhachtaí a chinneadh a mbíonn tionchar acu ar tháirgeadh eascann airgid agus ar rath imirce.

Déanfar staidéir allamuigh ar bhealaí imirce, iompar agus sceitheadh a thacú trí úsáid a bhaint as anailísí biteicneolaíochta ceannródaíoch a chun struchtúr an daonra a chinneadh, agus as roinnt cur chuige samhaltaithe nuálaíochta a dhéanfaidh na sonraí seo a ionchorprú isteach i samhlacha bainistíochta iascaigh.

Sa bhliain 2011, chlibeáil IFI 16 eascann airgid mhór (1.9-2.5kg) le clibeanna satailíte agus scaoil na heascanna ar an bhfarraige amach ó chósta Iarthar na hÉireann chun bealaí imirce, iompar agus cumas sceite a chinneadh. Ba é seo an tríú bliain agus an bhliain deiridh den chlár clibeála eascann. Bailíodh eolas bitheolaíochta eile ar dhéine seadán agus ábhar salaithe ó dhaonraí eascann go náisiúnta. Tá tuilleadh sonraí ar an obair a rinneadh ar fáil ar láithreán gréasáin IFI (www.fisheriesireland.ie)



Figiúr 9. Eascann ar a bhfuil clib Satailíte uathbhainte chun doimhneacht agus teocht a thaifeadadh

Tionscadal Uiscebhealaí Éireann

Thar ceann Uiscebhealaí Éireann, soláthraíonn IFI bainistíocht iascaigh, bainistíocht plandaí uisceacha agus seirbhísí cáilíochta uisce agus laghdaithe truailithe ar an gCanáil Ríoga agus ar an gCanáil Mhór, ar Loingseoireacht na Bearú agus ar Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne.

Tar éis teagmhas truailithe in 2010 ar Líne na Bearú den Chanáil Mhór, léirigh monatóireachta cháilíocht uisce agus phobail inveirteabrach i rith 2011 go raibh an chanáil ag filleadh ar stát sláintiúil. Bailíodh samplaí uisce, chun críocha monatóireachta comhlíonta Chreat-Treoir Uisce, ag 44 suíomh ceithre uair i 2011. Rinneadh pobail phlandaí uisceacha a mheasúnú ag na suíomhanna ar leith sin uair amháin. In 2011, thuairiscigh IFI go bhfuil sláinte an líonra uiscebhealaí maith agus leantar ar aghaidh le spriocanna ainmnithe a chomhlíonadh. Rinneadh suirbhéanna bainistíochta plandaí uisceacha ar feadh Uiscebhealach na Bearú, Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne agus ar an gCanáil Ríoga idir an Muileann gCearr agus Cluain Dá Ráth in 2011. Chomh maith le heolas a sholáthar do chlár bainistíochta fíor-ama agus sa todhchaí, éascaíonn na suirbhéanna seo freisin imscrúduithe ar an dáileadh agus an stádas de shraith de speicis ionracha.

Léiríonn torthaí na measúnuithe stoic éisc, cé go bhfuil roinnt athruithe áitiúla i struchtúr stoc soiléir, go mbíonn stoic na n-iasc garbh agus na liús sláintiúil den chuid is mó. Athlonnaíodh thart ar 2.75 tonna d'éisc laistigh de ghnáthóga canála in aice láimhe le linn oibríochtaí tarrthála éisc a rinneadh sular tosaíodh obair chothabhála uiscebhealaí riachtanach. San imeacht is mó, baineadh breis agus 35,000 (~ 1.5 tonna) iasc ó 2.2km den Chanáil Mhór, gar le Tigh Mhic Neamhain, i mí na Nollag 2011. D'éascaigh sé seo an chóireáil cheimiceach agus an bhaint fhisiciúil de Phigmífhaile Nua-Shéalainne (*Crassula helmsii*), speiceas planda uisceach an-ionrach neamhdhúchasach. Tá sonraí iomlána an

tionscadail agus tuarascálacha ar fáil ag: Tá tuilleadh sonraí faoin obair a rinneadh ar fáil ar láithreán gréasáin IFI (www.fisheriesireland.ie)

Tionscadal Gnóthachtála Teorann Caomhnaithe Bradán (CL)

Tá stoic bhradán in Éirinn á mbainistiú ar bhonn an abhann aonair. Tá Teorainn Caomhnaithe Bradán (CL) shainithe ag gach dobharcheantar ar féidir a mheas mar líon na mbradán a bhíonn ag teastáil chun sceitheadh i ngach abhainn chun inbhuanaitheacht a chinntiú. Mura mbíonn an CL abhainn á bhaint amach, dúntar an abhainn agus ní cheadaítear aon fhómhar bradán. Rinneadh measúnú eolaíoch in 2011, agus aithníodh go raibh barrachas os cionn na teorann caomhnaithe ag 50 abhainn agus iad ar oscailt le haghaidh fómhair bhradán, go raibh 28 abhainn ar oscailt le haghaidh gabhála agus scaoilte slatiascaireachta amháin (a chomhlíonann 65% de CL), agus go raibh 63 abhainn nach raibh aon bharrachas inaitheanta nó faisnéis neamhleor acu a bhí dúnta le bradáin a bhaint ag iascaireacht tráchtála nó slatiascaireacht.

Rinneadh suirbhé ar 33 abhainn nach raibh aon mhodh díreach le stoic a mheasúnú (áiritheoir éisc nó ghabháil slat) acu in 2011 faoin gclár leictre-iascaireacht ar fud an dobharcheantair chun baint amach de theorainneacha caomhnaithe bradán a mheas. Bhain aon cheann déag de na haibhneacha seo, ar a ndearnadh meastóireacht nach raibh barrachas acu ag baint úsáide as innéacsanna eile ar fáil, an meántairseach raidhse de 17 ngilidíní amach. Tá sé seo riachtanach chun cead a thabhairt dóibh a oscailt do slatiascaireachta gabhála agus scaoilte in 2012. Soláthraíonn an mhodheolaíocht seo measúnú breise ar raidhse stoic bhradán.

Rinneadh bradáin a chlibeáil le clibeanna éighníomhacha trasfhreagróra comhtháite (clib sreanga ionchódaithe ar féidir a léamh go cianda) ar dhobharcheantair na Bóinne agus na hAbhann Duibhe i measúnú leanúnach chun comhairimh iomlána bradán a chur ar fáil ag láithreáin páirtáiritheoirí. Faoin staidéar measúnaithe géiniteach bradán atá ar siúl go leanúnach, bailíodh samplaí bradán óg ó 15 abhainn in 2011 chun tástáil a dhéanamh orthu le haghaidh cobhsaíochta ama agus stádais bhitheagsúlachta.



Figiúr 10. Leictre-iascaireacht ar fud an dobharcheantair á déanamh ar fho-abhainn na hOirimhe in 2011

An Clár um Fheabhsú Aibhneacha Comhshaoil (EREP)

Díríonn an Clár um Fheabhsú Aibhneacha Comhshaoil (EREP) ar na haibhneacha salmainide draenáilte a fheabhsú. Cuimsíonn an clár dhá chur chuige éagsúla maidir le feabhsú, is iad sin feabhsúchán caipitil agus cothabháil feabhsaithe, a fhaigheann

maoiniú ó Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW). In 2011, phleanail agus thacaigh foireann IFI le cláir fheabhsaithe a sheachadadh, chomh maith 100km d'aibhneacha draenáilte, agus chuir i gcrích an ceathrú bliain den chlár cúig bliana reatha. Cuimsíonn an clár freisin monatóireacht ar fheabhsuithe in éiceolaíocht feadh chonair na habhann, seachadta i leibhéil stoic salmainide agus freisin i dtaca le feabhsúcháin bhithéagsúlachta agus ghnáthóg. Tá na suirbhéanna EREP ar dhaonraí éan i gconairí abhann ceannródaíoch i gcaidrimh a fháil amach idir cineálacha chonair abhann agus a bhfána éanúil bainteach.

In 2011, chuir an clár seo úsáid de na staidéir ghéiniteacha DNA mhicrea-shatailíte de stoic na mbreac chun cinn, chun tuiscint níos fearr a fháil ar conas a fheidhmíonn na daonraí seo. Rinneadh scrúdú ar stoic na mbreac i Loch Ainninn agus i ndobharcheantair na Bóinne agus na Siúire i dtaca leis seo. Tá na torthaí an-spreagúil agus leo siúd féadfar na codanna beagtháirgiúla de na gcóras abhann a aithint agus díriú ar cheantair den chineál sin le haghaidh oibreacha feabhsúcháin. Tá tuilleadh sonraí ar an obair a rinneadh ar fáil ar láithreán gréasáin IFI (www.fisheriesireland.ie)

Feirmeacha Iasc IFI

Is é aidhm an chláir bhainistíochta stoic iasc IFI daonraí éisc a athbhunú sna hiascaigh ina raibh truailliú nó sladanna ar éisc agus chun stádas slatiascaireachta an iascaigh a fheabhsú. Tógann na feirmeacha éisc IFI in Iarmhí agus in Tiobraid Árann breac donn agus breac dea-dhathach.

Feidhmíonn na feirmeacha go tráchtáil agus in 2011 sholáthair 279,512 iasc fásta le haghaidh stocála i gclubanna slatiascaireachta príobháideacha, in iascaigh faoi bhainistiú IFI agus in iascaigh thráchtála cuir agus glac. Áiríodh leis seo na chéad bhric dhonn fhásta thrioplóideacha a stocáladh ar uiscí na hÉireann. Mar chuid de ról caomhnaithe IFI, cuireadh níos mó ná 300,000 gilidín an bhric dhoinn fhiain, a ligeadh amach sa láithreán Mhuileann gCearr, ar ais isteach sa ghnáthóg nádúrtha.

Le linn 2011, chríochnaigh IFI roinnt feabhsúchán ar na hoibrithe feirme éisc, lena n-áirítear córais shlándála nua a chur isteach agus monatóireacht ghníomhach CCTV leo. Trí sheanumair iompair a athsholáthar le córas nua ocsaigin faoi mhonatóiriú, cuireadh an-fheabhas ar an gcumas le hualaí níos mó iasc a iompar faoi choinníollacha lena bhfuil níos lú struis i gceist. Tá sé seo mar chuid de chlár leanúnach ar oibríochtaí feirmeoireachta éisc IFI a fheabhsú.

Forbairt Gnó

Forbairt Gnó - Réamhrá

Is Rannóg nua í an Rannóg Forbartha Gnó de chuid Iascach Intíre Éireann, a bunaíodh ar bhunú IFI. Tá sé mar aitheantas ar an tábhacht agus ar an tionchar mór atá ag an ngnó slatiascaireachta agus iascaigh intíre ar gheilleagar na hÉireann agus freisin ar na héifeachtaí sóisialta éagsúla a d'fhéadfadh slatiascaireacht a thabhairt do gach réimse de shaol na hÉireann, go háirithe i bpobail tuaithe agus cósta.

Trí Straitéis Chorporáideach 2011-2015 agus Plean Gnó 2011 de chuid IFI, leagadh amach na spriocanna agus na cláir don Rannóg Forbartha Gnó. Is é an príomhspríoc straitéiseach poitéinseal na hearnála iascaigh intíre a fhorbairt trí líon na slatiascairí cónaithe agus turasóireachta a mhéadú, agus mar sin toradh níos fearr d'Éirinn a ghiniúint. Clúdaíonn obair na Rannóige *inter alia* margaíocht agus cur chun cinn, oideachas agus feasacht, chomh maith le cumhachtú páirtithe leasmhara trí thacaíochtaí agus cúnamh, ag cuidiú lenár bpáirtithe leasmhara slatiascaireacht, a gcuid gnóthlachaí agus acmhainní slatiascaireachta a fhorbairt ar fud na hÉireann.

Tá obair na Rannóige maidir leis na spriocanna sin a bhaint amach le linn 2011 leagtha amach faoi na príomh-cheannteidil chláir seo a leanas.

Forbairt a dhéanamh ar Ghnó Iascach Intíre Éireann

Bainistíocht Iascach Stáit

Ceadúnú Iascach

In 2011, cheadúnaigh IFI iomlán de 86 iascach atá faoi úinéireacht an Stáit le clubanna agus eagraíochtaí slatiascaireachta Ceadúnaíodh iascach nua amháin, iascach na Níthe agus an Chasáin a bhí ceadúnaithe in 2011 don chéad uair le roinnt blianta anuas. Tá dualgas ar gach club slatiascaireachta a bhfuil ceadúnas iascaigh eisithe dóibh ceadanna lae a chur ar fáil go héasca d'aon slatiascaire ar cuairt le ceannach chun a chinntiú gur féidir le muintir na háite agus le turasóirí araon sult a bhaint as gach Iascach Stáit.

Athbhreithniú ar Bhainistiú Iascach Stáit

Fuarthas ardleibhéal aiseolais ón gcéim chomhairliúcháin phoiblí den athbhreithniú ar an mbainistiú d'Iascaigh Stáit i nDeireadh Fómhair 2010. Rinneadh athbhreithniú ar an aiseolas agus bhí sé sin ina chuidiú le dréacht-thogra beartais a fhorbairt atá faoi athbhreithniú inmheánach agus soláthróidh sé faisnéis don bheartas nua maidir le bainistíocht d'Iascaigh Stáit.

Ciste Caomhnaithe Bradán

Cuireadh an Ciste Caomhnaithe Bradán ar bun in 2007 agus ós rud é go gcuimsíonn tionscadail blianta éagsúla anois, déantar agus déanfar nuashonruithe tionscadail a phostáil ar rannán Caomhnaithe Bradán den láithreán gréasáin IFI. Rinneadh €607,000 a bhailiú in 2011 agus déanfar é sin a leithdháileadh ar thionscadail in 2012. Rinneadh €200,000 den mhéid seo a leithdháileadh do thionscadail 'Cuiditheoirí' in 2012 tar éis don scéim phíolótach a bheith ina rath.

Is iad tionscadail ranníocóirí iad sin a dtugann daoine aonair, clubanna nó úinéirí iascach fúthu, a bhfuil ranníocaíochtaí leis an gciste déanta acu cheadúnas bradán a cheannach. Tugadh isteach an Scéim Phíolótach Ciste Caomhnaithe Bradán do Ranníocóirí in 2011. Rinneadh €120,000 a leithdháileadh go sealadach do 15 thionscadal faoi réir coinníollacha. Chomhlíon 12 de na 15 tionscadal na critéir go léir agus tugadh síntí isteach in 2012 do bheirt eile. Rinne cúig chlub a gcuid maoinithe a dhídhílsiú agus rinneadh na cistí seo a athdháileadh ar thionscadail a bhí maoinithe i bpáirt.

Bhain roinnt Iascach Stáit tairbhe as infheistíocht tríd an Scéim Phíolótach Chiste Caomhnaithe Bradáin do ranníocóirí. Tugadh maoiniú do Shlatiascairí Cill Bhríde, Slatiascairí Chroithlí agus Slatiascairí an Chraoslaigh chun forbairt a dhéanamh ar na hiascaigh ceadúnaithe acu. Mar gheall ar dhrochchoinníollacha uisce, ní raibh na Slatiascairí Chroithlí nó an Chraoslaigh in ann oibreacha a dhéanamh agus tugtar a maoiniú anonn go dtí 2012. Thug Slatiascairí Chill Bhríde maoiniú go príobháideach freisin d'oibreacha breise ar uiscí stáit faoi cheadúnas ó IFI.

Margaíocht agus Cur Chun Cinn

Cur Chun Cinn Slatiascaireachta - Seónna Slatiascaireachta

Déantar cur chun cinn slatiascaireachta agus stíl maireachtála i bpáirt trí rannpháirtíocht ag seónna náisiúnta agus idirnáisiúnta. Le linn 2011, d'fhreastail baill fhoirne Forbartha Gnó IFI seónna inár bpríomh-mhargai idirnáisiúnta, is iad sin an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír, an Bhreatain Mhór, Tuaisceart Éireann, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Bheilg, chomh maith le seónna slatiascaireachta agus stíl maireachtála náisiúnta agus áitiúla in Éirinn. Oibríonn IFI lena gcomhpháirtithe forbartha turasóireachta Fáilte Éireann agus Turasóireacht Éireann maidir le rannpháirtíocht a eagrú i seónna slatiascaireachta agus stíl maireachtála i margaí straitéiseacha. Thacaigh IFI freisin seó slatiascaireachta agus stíl maireachtála Ghníomhaireacht na Lochanna in 2011.



Figiór 11. Ball foirne IFI Markus Muller le Karl H Kohler ag seastán IFI ag Erlebniswelt Fliegenfischen, An Ghearmáin

Ábhair Chur Chun Cinn

Ba bhliain ghnóthach í 2011 agus foilsíodh roinnt bróisiúr nua agus nuashonraithe slatiascaireachta agus fógraíochta. Ba iad na foilseacháin is suntasaí ná "Coarse Angling in The Erne & South Donegal" agus "Sea Trout Angling on Ireland's North West Coast". Beidh siad sin ina gcuidiú le slatiascairí baile agus turasóireachta araon.

I measc bróisiúr suntasach eile a nuashonraíodh ná:

- Pike Angling Guide to The Erne & South Donegal (Béarla & Fraincis)
- Guide to Sea Angling on the East Coast
- Guide to Angling in the Boyne Valley
- 2011 Salmon Angling Regulations
- Coarse & Pike Angling Bye Laws.

Rinneadh roinnt earraí fógraíochta eile chun tacú le tionscadail IFI, amhail an tionscadal oideachais 'Something Fishy' agus 'Seachtain Feasachta Iascach'. Orthu seo bhí fáinní eochracha brandáilte, greamáin, caipíní chluiche corr, mataí tomhais agus comharthaí.

Cuairteanna Iriseoirí Slatiascaireachta

Éascaíodh 32 turas iriseoirí slatiascaireachta ar fud na hÉireann le linn 2011. Mar gheall ar na turais seo, a chlúdaigh gach disciplín slatiascaireachta, bhí ailt faoi thrácht agus

tulchlúdaigh ar roinnt irisí slatiascaireachta in Éirinn agus thar lear agus luach coibhéiseach fógraíochta de bhreis ar €500,000 i gceist. Ríomhtar an méid seo bunaithe ar cá mhéad a bheadh i gceist leis an líon céanna de leathanaigh a cheannach sna hirisí faoi seach mar a bheadh táirgthe ag na hiriseoirí slatiascaireachta de bhun a dturas.



Figiúr 12. Sampla de chlúdach a fuarthas mar gheall ar chuairteanna iriseoirí a bhí tacaíthe ag IFI

Tionscadal Píolótach Turasóireachta Slatiascaireachta Dhún na nGall

Ó bhí 2003 ann rinneadh go leor oibre chun uasghrádú a dhéanamh ar bhonneagar géime agus slatiascaireachta farraige i gContae Dhún na nGall agus chun córas eagraithe de rochtain ar iascaigh a chruthú chun críocha turasóireachta. In 2010, choimisiúnaigh IFI comhairleoirí chun measúnú a dhéanamh ar an obair seo, chun pictiúr cothrom le dáta a leagan amach ar an tsócmhainn slatiascaireachta agus a eagrú, chun meastachán a dhéanamh ar an éileamh idirnáisiúnta ar tháirge slatiascaireachta Dhún na nGall, agus chun moltaí a dhéanamh ar conas is féidir an táirge seo a thabhairt go dtí an margadh. Tá na moltaí a rinneadh á gcur i bhfeidhm anois i dtionscadal píolótach 3-bliana a bheidh ar siúl ó Bhealtaine 2011 go dtí Aibreán 2014.

Clár Clibeála Mara

Staitisticí Leabhar Slatiascaireachta Mara

Tá an clár Staitisticí Leabhar Slatiascaireachta Mara i bhfeidhm go leanúnach ó 1978, nuair a d'aontaigh 15 scipéir cairtfhostaithe i sé ionad slatiascaireachta ar phríomhshonraí a bhaineann lena dturais thar an séasúr a thaifeadadh. Faoi 1988 bhí méadú ar an gclár ina raibh 20 scipéir cairtfhostaithe i 20 ionad slatiascaireachta. I 1998 ghlac 74 scipéir i 38 ionad slatiascaireachta páirt. Bhí buaic i rannpháirtíocht thar an chéad chúpla bliain eile ach, ar an drochuair, faoi 2008 tháinig méadú ar líon na scipéirí a bhí ag éagsúlú ar shiúl ó slatiascaireacht isteach i réimsí eile amhail fámaireacht & éicea-thurais agus tháinig laghdú i rannpháirtíocht sa chlár logleabhair. Mar gheall ar dhrochaimsir i rith an tséasúir shlatiascaireachta 2011, bhí figiúirí níos ísle sa chlár clibeála agus logleabhair araon. Leanann scipéirí Bád Cairtfhostaithe Slatiascaireachta ar aghaidh ag éagsúlú ó slatiascaireacht isteach i réimsí eile amhail fámaireachta agus éicea-thurais, rud a fhágann go leanfar ar aghaidh leis an laghdú i rannpháirtíocht sa chlár logleabhair. Ar ábhar níos

dearfaí, táimid ag leanúint le níos mó agus níos mó slatiascairí a earcú don Chlár Clibeála Éisc Spóirt Mhara, atá mionsonraithe thíos, rud atá ag fás bliain i ndiaidh bliana.

Clár Clibeála Éisc Spóirt Mhara

Chuir an tIontaobhas Iascaigh Intíre (IFT) tús leis an gClár Clibeála Éisc Spóirt Mara IFI i 1970, comhlacht a bhí freagrach as slatiascaireachta mara áineasa a fhorbairt agus a chur chun cinn. Faoi na 1960í déanacha, bhí meath i dtorthaí na gcomórtas slatiascaireachta mara i ngabháil de chuid de na speiceas is tábhachtaí, mar shampla an Siorc Gorm, an Gearrthóir, an Anglait, an Sciata agus Ga. Ag an am sin, maraíodh agus tógadh i dtír beagnach gach iasc a ghabh slatiascairí le haghaidh meáite agus deiseanna grianghrafadóireachta.

De thairbhe nach raibh mórán faisnéise ag an am faoin mbitheolaíocht agus patrúin imirce na speiceas, chinn an IFT clár clibeála a thabhairt isteach agus an gcuspóir leis bearta caomhnaithe a thabhairt isteach agus tuilleadh a fhoghlaim faoi patrúin imirce na speiceas slatiascaireachta mara. Is féidir gach clib a úsáidtear go dtí seo sa Chlár Clibeála Éisc Spóirt Mhara a aithint de réir a lipéid - "Fisheries Board Ireland Reward". Cé go mbíonn dathanna agus cruthanna éagsúla ar na clibeanna, tá an téacs "Fisheries Board Ireland Reward" agus uimhir aitheantais uathúil le feiceáil ar gach clib.

Ghlac suas le 50 scipéir cairtfhostaithe agus roinnt slatiascairí tiomnaithe páirt sa Chlár Clibeála Éisc Spóirt Mhara 2010. Cuireadh clibeanna ar bhreis agus 1,000 iasc agus scaoileadh iad, lena n-áirítear 203 Siorc Gorm, 24 Craosaire, 269 Gearrthóir, 42 Sciata agus 302 Ga. Ó bhí 1970 ann, cuireadh clibeanna ar bhreis agus 40,000 iasc mara agus scaoileadh iad, lena n-áirítear beagnach 20,000 Siorc Gorm. Is e an clár seo an ceann is mó san Eoraip agus an dara ceann is mó sa domhan, taobh thiar de na Stáit Aontaithe Mheiriceá. Cuirfear sonraí do 2010 ar fáil i lár 2011 agus cuirfear sonraí do 2011 ar fáil i lár 2012.

Oideachas agus Feasacht

An Clár Náisiúnta Oideachais 'Something Fishy'

Is é 'Something Fishy' comhfhiontar gníomhach foghlama a seoladh ar dtús in 2005 i gcomhoibriú idir Iar-Bhoird Iascaigh Láir agus Réigiúnacha agus Ionaid Oideachais na Carraige Duibhe agus Mhuineacháin chun oideachas a chur ar mhic léinn ar chaighdeán uisce, éisc, an comhshaol agus slatiascaireacht. Bhí an-rath ag baint leis an gclár don scoilbhliain 2010/11, agus seachadadh é go 163 scoil ar fud na tíre. Rinneadh an clár a oiriúnú freisin do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus cuireadh ar fáil é i dtrí scoil speisialta i gCill Chainnigh, i Loch Garman agus ar an gCabhán. I 2011, d'oibrigh an comhlacht trasteorann, Gníomhaireacht na Lochanna, le 10 scoil in abhantrach na Finne i gContae Dhún na nGall.



Figiúr 13. Daltaí ó Scoil Náisiúnta Naomh Seosamh, Co Loch Garman Gradam ag ceiliúradh a nduaise naisiúnta 'Something Fishy'

Ba í Scoil Náisiúnta Naomh Seosamh, Co Loch Garman buaiteoir sa tionscadail ranga náisiúnta. Ba é a gcur i láthair a bhuaigh ná 'Something Fishy - The Musical'. Bronnadh a nduais ag Ionad Oideachais Loch Garman.

Seachtain Feasachta Iascaigh

Bhí Seachtain Feasachta Iascaigh (FAW) 2011 ar siúl ó 7 go dtí 15 Bealtaine. Fuair an tseachtain tacaíocht ó gach Ceantar Abhantraí IFI, agus breis agus 56 imeacht á reáchtáil ar fud na tíre agus thart ar 2,500 duine rannpháirteach iontu. Éascaíodh cuid mhaith de na himeachtaí le cabhair ó chlubanna áitiúla agus comhlachtaí slatiascaireachta. As na 56 imeacht a cuireadh chun cinn ar láithreán gréasáin Feasachta Iascaigh:

- bhí 39 (69%) ar oscailt do gach rannpháirtí
- bhí 11 (19%) ar oscailt do scoileanna amháin
- bhí 3 (6%) ar oscailt don óige amháin
- bhí 1 ar oscailt do na mná amháin
- bhí 1 ar oscailt do theaghlaigh agus
- bhí 1 ar oscailt do ghrúpaí pobail.

Chomh maith le laethanta oscailte agus comórtais iascaigh, bhí imeachtaí eile ar siúl amhail laethanta flaidireachta na mban, aithne a chur ar IFI agus siúlóidí abhann. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar an láithreán gréasáin tiomnaithe feasachta iascaigh IFI (www.faw.ie).



Figiúr 14. Baineann grúpa de rannpháirtithe díograiseacha Seachtain Feasachta lascaigh taitneamh as turas go dtí Abhainn na Bóinne

Caidreamh Poiblí

Tar éis an t-aistriú rathúil ó na hIar-Bhoird Iascaigh Láir agus Réigiúnacha go dtí IFI, fuair ghníomhaíochtaí na heagraíochta clúdach maith in 2011 sna na meáin chumarsáide. Bhí an scéal 'Ireland has a new Salmon River' ar 'Six One News' ar RTÉ faoin Tulcha, agus bhí go leor scéalta nuachta eile le cluinstitín agus le feiceáil ar an raidió, sna nuachtáin agus sa phreas slatiascaireachta. Foilsíodh nó craoladh 1,249 ar a laghad nír nuachta IFI le linn na bliana.

Chuir an Rannóg Forbartha Gnó go mór le híomhá chorparáideach an IFI, agus chabhraigh le hobair na Rannóg eile maidir le dearadh agus táirgeadh an ábhair chun obair a rinne an IFI ar réimse tionscadal a thaispeáint, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta ag:

- Cártaí creidmheasa rialú de Speiceas Ionracha Uisceach in Éirinn (CAISIE) le haghaidh speiceas ionrach
- Foláirimh Speicis Ionracha CAISIE, Bileog Bhithshlándála & Póstaer do Bhádóirí & Slatiascairí
- Plean Corparáideach IFI
- Bileoga Oibre Gníomhaíochta Something Fishy do Scoileanna
- Iarratais Cheadúnas & Teastais IFI

Le linn 2011, chuaigh IFI i dteagmháil le slatiascairí, leis an bpobal i gcoitinne agus le páirtithe leasmhara eile trí asraonta meán sóisialta. Úsáidtear Twitter agus Facebook go forleathan chun faisnéis a roinnt le lucht éisteachta níos leithne ná mar is féidir le bealaí níos traidisiúnta. I Meán Fómhair, rinne an tairseach slatiascaireachta, www.fishinginireland.info, blog Wordpress a ionchorprú chun feabhas a chur ar eisiúint de thuarascálacha slatiascaireachta. Ghlac úsáideoirí an laithreáin go maith leis an gcur chuige seo ar fhoilsiú suas chun dáta d'fhaisnéis iascaigh.

Láithreáin Ghréasáin

Déanann IFI bainistiú ar 10 láithreán gréasáin, is é sin láithreán corparáideach, 4 tairseach slatiascaireachta agus 5 láithreán saintionscadail, 3 acu siúd atá mar chuid de

cheanglas na gcomhlachtaí maoinithe. In 2011, bhí rochtain ag 375,370 cuairteoir uathúla ar 2,969,811 leathanach ag na láithreáin seo a leanas:

Láithreán gréasáin corparáideach

- www.fisheriesireland.ie

Tairseacha slatiascaireachta

- www.fishinginireland.info
- www.pecheenirlande.info (Fraincis)
- www.visseninierland.info (Ollainnis)
- www.angelnirland.info (Gearmáinis)

Láithreáin tionscadail

- www.caisie.ie
- www.celticseatrout.com
- www.faw.ie
- www.mulkearlife.com
- www.wfdfish.ie

Clár Urraíochta

Bhí clár pólótach urraíochta le linn 2011, a bhfuil mar aidhm leis feasacht ar na hacmhainní iascaigh intíre, slatiascaireacht áineasa agus obair IFI a chur chun cinn. Fuair comórtais slatiascaireachta, foirne slatiascaireachta náisiúnta, DVD oidhreacht agus tionscadail eile tacaíocht airgeadais de €14,875. Ina theannta sin, ba é thart ar €75,000 luach na tacaíochta foirne d' imeachtaí agus duaiseanna. Tá liosta na n-imeachtaí/míreanna a fuair tacaíocht ar fáil ar an láithreán gréasáin corparáideach IFI (www.fisheriesireland.ie).



Figiúr 15. An Cigire Matt Nolan ag bronnadh urraíochta don Chomórtas Idirchúige Óige NCFEI agus Clár Óige Idirnáisiúnta ar Pat Dalton ó Chónaidhm Náisiúnta Garbhiascaireachta na hÉireann (NCFEI)

Slatiascaireacht um Fhorbairt Óige (AFYD) Éireann

Is clár nua for-rochtana slatiascaireachta molta de chuid IFI Slatiascaireacht um Fhorbairt Óige Éireann. Tá an clár ar siúl ar bhonn modúlach chun faisnéis a sholáthar do dhaoine óga (agus do dhaoine eile) ar shlatiascaireacht agus ar ábhair a bhaineann le slatiascaireachta, amhail gnáthóga iascaigh, cuileanna, ceangal cuileanna srl, agus d'fhéadfadh cáilíocht aitheanta a bheith mar thoradh air sin. Mar gheall ar nádúr na slatiascaireachta in Éirinn, agus ar na hacmhainní iontacha atá sna cónaidhmeanna agus sna clubanna, táthar ag súil go dtabharfaidh gach duine a bhfuil suim acu i slatiascaireachta a fhorbairt tacú leis an tionscnamh seo trí pháirt a ghlacadh mar oiliúnóirí agus cúntóirí agus trí chistí a bhailiú agus trí uiscí slatiascaireachta a sholáthar.

Tá clár pólótach atá bunaithe ar AFYD in Albain á bhunú ag IFI i gcomhpháirtíocht le Comhairle Slatiascaireachta na hÉireann (ACI), comhlachtaí comhpháirtíochtaí spóirt, An Garda Síochána agus daoine aonair príobháideacha. Is féidir le grúpa ar bith de dhaoine leasmhara, atá oile go hoiriúnach agus a bhfuil an díograis agus an tsuim acu an óige a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí iascaireachta, AFYD Éireann a reáchtáil go háitiúil.

Tionscnamh Slatiascaireachta Bhaile Átha Cliath

Bhí bliain rathúil ag an Tionscnamh Slatiascaireachta Bhaile Átha Cliath (DAI) agus ghlac 747 duine óga páirt sna cúrsaí slatiascaireachta samhraidh 3 lá. Is caitheamh aimsire cuiditheach í slatiascaireacht a mheallann déagóirí ó gach cáilíocht shaolta agus leanann an DAI ar aghaidh a bheith ag obair le daoine óga ó scoileanna Náisiúnta agus Meánscoileanna, tionscadail samhraidh agus seirbhísí óige ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath agus a bruachbhailte. Eagraíodh seastán iascaireachta óige agus limistéar oideachais teaghlaigh ag an seó Náisiúnta Slatiascaireachta 2011 i Sord agus ba é an seastán is mó ag an taispeántas. Bhí an seastán an-rathúil maidir le suim an-mhór a chruthú sa slatiascaireachta do theaghlaigh agus do slatiascairí nua araon.

Líonrú agus Comhpháirtíocht Seachtrach

Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí

Oibríonn IFI go leanúnach lena pháirtithe leasmhara agus comhpháirtithe chun a shainchúram a sheachadadh. Coinnítear nascanna láidre leis na cónaidhmeanna slatiascaireachta ar fud na tíre. Tá ionadaithe ag IFI ar Liason Entre Actions pour le Development d'Economie Rurale, is é sin Clár Forbartha Tuaithe (LEADER) (boird maoinithe i bpáirt ag an AE agus an maoiniú riartha ag Grúpa Áitiúla Gníomhaíochta a thacaíonn tionscadail laistigh dá gceantair), Comhthionóil Réigiúnacha, Fáilte Éireann, Grúpaí Turasóireachta agus comhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla eile.

Áineas Tuaithe

Chuir IFI le forbairt den Straitéis Náisiúnta Áineasa Tuaithe, tionscnamh chun áineas allamuigh a fhorbairt ar thailte an Stáit agus ar uiscí faoi úinéireacht an Stáit faoi stiúir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG). Is é príomhthairbhe amháin den phlean ná go mbeidh Gníomhaireachtaí Stáit ag obair le chéile chun cabhrú le gníomhaíochtaí a chéile a chur chun cinn, ionas gur féidir coigilt ar chostais a dhéanamh trí bhonn eolais comhroinnte agus trí éifeachtúlachtaí méadaithe.

Beolíne 24 Uair

Ar 1 Nollaig 2010, sheol Iascach Intíre Éireann a Bheolíne rúnda 24 uair trínar féidir le glaoiteoirí tuairisc a thabhairt ar phóitseáil, truailliú agus speicis ionracha chuig IFI. I rith 2011 rinneadh an uimhir a fhógairt ar irisí slatiascaireachta, láithreáin ghréasáin IFI, preasráitis agus ar gach ríomhphost.

In 2011 cuireadh 464 glao ar líne theileafóin rúnda 24 uair IFI 1890 34 74 24 nó, d'athchuihmhne níos éasca, 1890 FISH 24. Bhain 51% acu siúd le hiascaireacht mhídhleathach, 25% le saincheisteanna cáilíochta uisce agus an 24% eile le fiosrúcháin ghinearálta ar IFI nó ar shlatiascaireacht in Éirinn. Déantar na glaonna a chur ar aghaidh chuig foireann chuig IFI ar an talamh le haghaidh gnímh.

Lóistíocht

Lóistíocht - Réamhrá

Bainistíonn an Rannóg Lóistíochta d'Iascach Intíre Éireann (IFI) roinnt réimsí éagsúla laistigh den eagraíocht ar bhonn náisiúnta. Is é príomhfhócas na Rannóige seirbhísí Tacaíochta Allamuigh a sholáthar don fhoireann allamuigh go léir, lena n-áirítear trealamh, uirlisí agus faisnéis, oibriú agus comhordú den fheidhm sholáthair le haghaidh míreanna a ceannaíodh go náisiúnta i gcomhréir leis na ceanglais náisiúnta soláthair, agus saineolais a sholáthar do gach Rannóg i réimse an tsoláthair phoiblí, chomh maith le cabhlach a bhainistiú, áiseanna a chothabháil, slándáil agus seirbhísí den trealamh agus áiseanna go léir do IFI. Riarann an Rannóg freisin riachtanais fhaisnéise agus reachtaíochta an chlár Bhainistíochta Bradán, lena n-áirítear bainistíocht de na rialacháin bhliantúla bradán, an scéim chlibeála bradán, an scéim logleabhair agus tuairisciú bliantúil staidrimh ar cheadúnú bradán agus gabháil. Soláthraíonn sé seirbhís sláinte agus sábháilteachta don eagraíocht freisin.

Maoín agus Áiseanna

Ar bhunú IFI, tháinig maoín agus áiseanna an iar-Bhoid Iascaigh Láir agus Réigiúnach faoi bhainistíocht dhíreach na Rannóige Lóistíochta. Maidir le maoín, bhí an príomhfhócas in 2011 ar mheasúnú a dhéanamh ar gach ceann de na maoine IFI agus réimsí a aithint ina raibh gá le príomhuasghráduithe, agus freisin na háiteanna ina raibh barrachas nó easnamh a aithint. I ndáil leis an gceanncheathrú i Sord, fuarthas cead ónár máthair-Roinn réamhfhógra a thabhairt do na tiarna talún an rún a bhí againn briseadh amach as an léasa in 2012.

Maidir le háiseanna, mar gheall ar bhunú IFI, bhí deis ann tús a chur leis an bpróiseas d'áiseanna a bhainistiú ar bhonn náisiúnta. I dtaca leis seo, bhí soláthar d'fhóntais (EBS agus Gás) sruthlínithe chun coigiltis a dhéanamh, agus rinneadh athbhreithnithe ar na saincheisteanna bainistíochta áiseanna agus na soláthraithe ar fud an bhoird chun sruthlíniú agus chun tuilleadh coigilteas agus éifeachtúlachtaí a chur i bhfeidhm.

Scéim Chlibeála Bradán Fiáin agus Breac Geal

Ba í 2011 an t-aonú bliain déag den scéim chlibeála bradán fiáin agus breac geal a bheith i bhfeidhm, scéim a ndéanann IFI a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a mhonatóiriú. Bhí IFI páirteach i straitéis a fhorbairt, reachtaíocht a athbhreithniú agus seirbhísí agus comhairle a sholáthar chun rolladh amach de na hathruithe ar bhainistiú cuimsitheach d'acmhainn intíre bradán na hÉireann a éascú.

In 2011, bunaithe ar chomhairle eolaíoch, mhol bainistíocht 62 abhainn¹ a dhúnadh maidir le hiascaireacht bradán fiain agus breac geal agus 86 abhainn a oscailt (lena n-áirítear roghanna gabhála agus scaoilte²). Bhí córas de chlibeanna donna geolbhaigh i bhfeidhm in aibhneacha roghnaithe nuair a measadh go raibh sé riachtanach chun a chinntiú nach raibh cuótaí abhainnbhunaithe sáraithe trí dhúshaothrú slatiascaireachta.

Díoladh 24% de na ceadúnais slatiascaireachta bradán ar líne in 2011 trí láithreán gréasáin díolacháin ceadúnas ar líne www.salmonlicence.ie agus trí dháileoirí díolacháin ceadúnas uathoibrithe. Is é an Bunachar Sonraí Bradán an uirlis teicneolaíochta faisnéise a úsáidtear chun faisnéis ceadúnais agus gabhála bradán a fháil. Tá faisnéis tráchtála agus áineasa bradán agus breac geal ar bhunachar sonraí IFI www.fisheriesireland.ie, rud a

dhéantar a chomhordú agus a anailísiú gach bliain, agus cuirtear tuairisc chuimsitheach ar an gcóras bainistíochta bradán ar fáil. Tá an tuarascáil Staidrimh bhliantúil Bradán Fiáin agus Breac Geal ar fáil ar láithreán gréasáin an IFI www.fisheriesireland.ie).

¹ Caomhnú bradán agus breac geal fo-dhlí ar bith. cs 306-2010, 307, 308-2011

² Caomhnú bradán agus breac geal fo-dhlí ar bith. 873, 874, 875, 876, 877-2010, 878, 879, 880, 893-2011

Tábla 6. Sonraí de Ghabháil Bradán do 2010 agus 2011

Gabháil Bradán 2010 agus 2011		
	2010	2011
Ghabháil iomlán bradán	51,637	44,967
Fómhar bradán tráchtála	14,159	11,973
Fómhar slatiascaireachta bradán	22,336	20,306
Bradán a gabhadh agus a scaoileadh	15,142	12,688

Bhí laghdú de 13% ar líon iomlán na mbradán a baineadh idir 2010 agus 2011. Laghdaíodh fómhar bradán tráchtála le 15.5% in 2011 i gcomparáid le 2010 (féach Aguisín 10 le haghaidh sonraí iomlána). Tháinig laghdú de 9% ar an bfómhar slatiascaireachta bradán, chomh maith le laghdú de 16.2% ar líon na nbradán a gabhadh agus a scaoileadh i gcomparáid le 2010.

Tábla 7. Sonraí na ndíolachán ceadúnas agus tuairisceán logleabhar le haghaidh 2010 agus 2011

Tuairisceáin Cheadúnas agus Logleabhar le haghaidh 2010 agus 2011		
	2010	2011
Ceadúnais slatiascaireachta a díoladh	17,983	19,899
% de thuairisceáin logleabhar	71%	72%
Líon na náisiúntachtaí a cheannaigh ceadúnais	46	52

Méadaíodh díolacháin de cheadúnais slatiascaireachta bradán le 10.6% in 2011 agus méadaíodh tuairisceáin logleabha le 1% (féach Aguisín 8 agus 9 le haghaidh sonraí iomlána). Scheannaigh slatiascairí ó 6 náisiúntachtaí breise ceadúnais in 2011 i gcomparáid le 2010. **Seirbhísí Soláthair**

Éascaíonn an Rannóg Lóistíochta an bpróiseas tairisceana le haghaidh na mórcheannachán go léir do IFI. In 2011 rinneadh iomlán de 14 cuireadh tairisceana le haghaidh soláthairtí/seirbhísí a phostáil ar www.etenders.ie i dtaca leis na hearraí agus na seirbhísí seo a leanas:

- Córas cárta bhreosla do gach ceann de chabhlaigh bóthair IFI
- Conradh le haghaidh oibríochtaí ar rialú fiailí ag Loch Coirib
- Conradh do thionscadal feabhsaithe srutha chéim 2 N6
- Soláthar de chóras monatóireachta ocsaigine ag feirm éisc Ros Cré
- Soláthar de veain mór de chineál painéal
- Soláthar de 7 x bhfeithicil 4 x 4 de chineál SUV paisinéirí/tráchtála
- Soláthar de 6 fheithicil meánmhéide de chineál paisinéirí 4/5 doras
- Soláthar de 100 gaireas snámhachta pearsanta (pdfí) le haghaidh oibríochtaí Bhád Righin Inséidte (RIB)
- Soláthar d'ábhar heiseáin/siúite do thionscadail de rialú fiailí
- Conradh le haghaidh táirge de chomharthaí do IFI
- Conradh le haghaidh táirge de scannáin/DVDanna le haghaidh promóisean IFI
- Soláthar de mhiontochaltóir hiodrálach 8 tonna do Cheantar Abhantraí na Sionainne
- Soláthar de leictrea-threalamh iascaireachta
- Soláthar de threalamh ceitle CCTV le haghaidh oibríochtaí faireachais

San iomlán, comhlánaíodh 13 de na tairiscintí le haghaidh soláthairtí/seirbhísí. Cuireadh an tairiscint le haghaidh soláthar den veain mórfhainéil ar feitheamh mar chuid de chuíchóiriú an chabhlaigh.

Cabhlaigh Feithicilí Bóthair

In 2011, mar chuid den bheartas athsholáthair cabhlaigh feithicilí, ceannaíodh 17 bhfeithicil ag costas iomlán de €396,270 le dáileadh ar fud na gCeantar Abhantraí. Ag teacht leis an laghdú ar líon na foirne agus le cuíchóiriú den chabhlaigh IFI, laghdaíodh líon na bhfeithicilí ó 241 go dtí 221.

Trealamh agus Seirbhísí Cosanta Pearsanta do na Ceantair Abhantraí IFI (RBDanna)

Comhordaíonn an Rannóg freisin cothabháil agus bainistíocht trealamh sábháilteachta agus trealamh allamuigh ginearálta don fhoireann IFI. Cinntíonn sé seo infhaighteacht de threalamh seirbhísithe feidhmiúil don fhoireann oibríochtúil allamuigh. Chomh maith le comhordú a dhéanamh ar cheannach agus cothabháil go léir de PPE de chuid IFI, soláthraíonn foireann sa Rannóg roinnt seirbhísí speisialaithe teicniúla eile do chodanna eile de ghnó IFI, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do:

- Soláthar d'fhógraí sábháilteachta mara agus seirbhís chomhairle mara
- Deimhniúcháin agus sábháilteacht teicniúil de gach Bád Righin Inséidte farraige (RIBanna)
- Comhairliúchán deartha agus tógála do gach bád nua
- Sonraíocht teicniúil de shaintrealamh.

- Iniúchadh ar chabhlach bóthair go léir de chuid IFI.

Sláinte agus Bainistíocht Sábháilteachta 2011

Ráiteas Sábháilteachta Ilchodach


Comhlánaíodh agus cuireadh i bhfeidhm an ráiteas sábháilteachta ilchodach IFI ó 1 Iúil 2011. Is éard atá sa ráiteas beartais, ceanglais reachtúla agus cleachtais sábháilte oibre. Tá sé comhlánaithe ag measúnuithe riosca sonracha láithreáin. Rinneadh 26 measúnú riosca láithreáin in 2011.

An Coiste Náisiúnta um Shábháilteacht

Bunaíodh an Coiste Náisiúnta um Shábháilteacht i Meán Fómhair 2011 agus bualann sé le cheile go ráithiúil. Tá an coiste comhdhéanta d'ionadaithe sábháilteachta ó gach ceann de na Ceantair Abhantraí, IFI Shord agus pearsanra bainistíochta sinsearach. Áirítear ar an gCoiste freisin an Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus an Ceann Oibríochtaí. Tá an Coiste freagrach as saincheisteanna sábháilteachta agus sláinte agus leasa ag leibhéal náisiúnta agus ó thaobh na straitéise de.

Staitisticí um Thuairisciú Teagmhas 2011

In 2011, tuairiscíodh 24 teagmhas chuig Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta an IFI, agus 9 acu siúd a tuairiscíodh chuig an Udarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA). Tá raon i líon na dteagmhas a tuairiscíodh i ngach ceantar idir 2 agus 7 (féach Figiúr 16). Tuairiscíodh an líon is mó teagmhas i gCeantar Abhantraí an Iarthair (WRBD). Mar sin féin, bhí líon na dteagmhas a bheag nó a mhór i gcomhréir leis an meán náisiúnta, agus an líon níos mó foirne sa WRBD curtha san áireamh.



Figíúr 16. Teagmhais a tuairiscíodh ó Cheantair Abhantraí agus Áiseanna IFI

Acmhainní Daonna

Acmhainní Daonna - Réamhrá

In 2011, dhírigh an Rannóg Acmhainní Daonna ar dhá phríomhréimse; an soláthar de thacaíocht acmhainní daonna agus an soláthar de thacaíocht foghlama agus fhorbartha d'Iascach Intíre Éireann (IFI). Bhí an Rannóg freagrach freisin as maoirseacht a dhéanamh ar fhreagrachtaí IFI agus iad a chomhlíonadh maidir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise (An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997) agus as a chlár grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána freisin. Bhí príomhréimsí seachadta sna réimsí d'fhorbairt struchtúrtha eagraíochta, caidreamh fostaithe, earcaíocht lárnach, bainistíocht chomhairimh agus an soláthar de Chlár Forbartha agus Foghlama cuimsitheach.

Bhí Ceann na nAcmhainní Daonna, Kieran Murphy i gceannas ar an Rannóg, le cúnamh ó bhainisteoirí oibríochtaí AD agus ó na bainisteoirí foghlama agus forbartha.

Ba bhliain an-dúshlánach í 2011 don Rannóg. Bhí sé seo i gcoinne an chúlra de chomhtháthú leanúnach na seirbhíse isteach ina heagraíocht náisiúnta, na srianta soláthar foirne atá i bhfeidhm trí lánchosc earcaíochta, agus an Creat Rialaithe Fostaíochta (ECF). Ina theannta sin, leanadh ar aghaidh leis na héilimh a bhaineann le Comhaontú Pháirc an Chrócaigh, an Plean Náisiúnta Téarnaimh agus, go taobhach, Plean Athchóiriú na hEarnála Poiblí. Le linn 2011, chomhlíon IFI a chuid spriocanna agus ceanglas a bhaineann leis na cláir seo, choinnigh sé caidreamh cobhsaí le fostaithe. Rinneadh dréacht-struchtúr leasaithe oibriúcháin do IFI a fhorbairt agus cuireadh é faoi bhráid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le haghaidh a mbreithnithe.

Oiliúint & Forbairt

Comhaontaíodh an Plean Náisiúnta Oiliúna bliantúil IFI do 2011 agus seachadadh é le linn na tréimhse. Ba é príomhfhócas i rith 2011 ná plean oiliúna straitéiseach a fhorbairt don tréimhse 2012-2015. Soláthróidh an plean seo sceideal oiliúna bunaithe ar riachtanais oibríochtúla agus feidhmiúla do gach Ceantar Abhantraí (RBD) agus Rannán agus áireofar:

- Croí-mhodúil oiliúna oibríochtúla, amhail Scéim Fhoirne IFI, Oiliúint Ionduchtúcháin, Dlí Iascaigh, Réiteach Coinbhleachta, Oiliúint Sainfhinné
- Sláinte & Sábháilteacht, Comhlíonadh Corparáideach, scileanna sonracha a bhaineann le ról ar nós Oibríochtaí Bád Righin Inséidte (RIB), oiliúint Mharthanais Phearsanta, Cláir Bhainistíochta
- Tionscnaimh Rialtais agus Ghnó.

Mar chuid de chur i bhfeidhm den phlean straitéiseach oiliúna, rinneadh plé le Coláiste an Gharda Síochána i ndáil le soláthar d'oiliúint do bhaill foirne IFI. Tá dul chun cinn á dhéanamh leis an gcoláiste chun clár oiliúna a fhorbairt a théann i ngleic le bainistíocht coinbhleachta i gcomhréir le reachtaíocht iascaigh, agus le forfheidhmithe dlí.

Seachadadh na cláir oiliúna seo a leanas in 2011 faoin bPlean Náisiúnta Oiliúna:

- Teicnící Marthanais Phearsanta agus Oiliúint Iompaithe RIB
- Oiliúint Cadhc
- Oiliúint Leictre-iascaireachta

- Oiliúint Fheasachta um Chosaint Leanaí
- Oiliúint Garchabhrach Gairme
- Oiliúint Sábh Slabhra
- Oiliúint Rialachais Chorporáidigh
- Oiliúint Phais Sábháilte
- Oiliúint ar Láimhsiú Sábháilte
- Oiliúint ar Mhiontuairiscí a ghlacadh
- Oiliúint Ionduchtaithe - 32 Ball Foirne Séasúrach.

Saoráil Faisnéise

Fuarthas aon iarratas déag i dtaca le Saoráil Faisnéise (FOI) i 2011, trí cinn ó ghnó agus grúpaí leasmhara agus ocht gcinn ón bpobal i gcoitinne. As na haon iarratas déag a fuarthas, bhain trí cinn le gnóthaí pearsanta agus ocht gcinn le ceisteanna neamh-phearsanta.

As an iomlán a fuarthas ceadaíodh ocht n-iarratas, ceadaíodh beirt i bpáirt, agus tarraingíodh siar ceann amháin agus déileáladh leis sin lasmuigh den phróiseas um Shaoráil Faisnéise.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Is é an Bainisteoir Forbartha Acmhainní Daonna an sínitheoir údaraithe laistigh de IFI chun críocha Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus déanann sé gach iarratas Grinnfhiosrúcháin an Gharda a fuarthas a phróiseáil. Le linn 2011 rinneadh próiseáil ar iomlán de 166 iarratas.

Caidreamh Fostaithe

In ainneoin na n-imthosca deacra buiséadacha agus soláthar foirne ina n-oibríonn IFI faoi láthair, rinneadh caidreamh fostaithe a bhainistiú ar bhealach éifeachtach. Coinníodh línte cumarsáide oscailte leis an bhfoireann agus le ceardchumann. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le feisteas oibre comhordaithe a sholáthar, rud a ceapadh chun cur le muinín an phobail in IFI agus chun é sin a choinneáil, agus chun tacaíocht a thabhairt don íomhá gairmiúla.

Foilsíodh an séú leagan den Nuachtlitir Foirne IFI i mí na Nollag 2011. Bhí rath ar leith ag baint leis seo i dtaca leis an bhfoireann a choinneáil cothrom le dáta le forbairtí laistigh den eagraíocht.

Earcaíocht

Bhí lánchosc an Rialtais ar earcaíocht fós i bhfeidhm i rith 2011 agus, dá bhrí sin, ní raibh IFI in ann earcaíocht seachtrach a dhéanamh, seachas an ceapachán de thríocha a dó ball foirne cosanta sealadacha séasúracha. Fuarthas cead i leith na gceapachán seo ar feadh tréimhse de cheithre mhí, i mBealtaine 2011. Rinne foireann ón Rannóg Acmhainní Daonna an earcaíocht go lárnach trí chomórtas oscailte.

Tharla athailíniú inmheánach/ath-implonaithe i ndáil le roinnt ról, lena n-áirítear Stiúrthóir Ceantair Abhantraí.

Luach Saothair an Phríomh-Oifigigh Fheidhmiúcháin

Tá luach saothair an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin de chuid Iascach Intíre Éireann i gcomhréir le scála an Rúnaí Cúnta sna raon ó: €134,523 go €153,885.

Airgeadas & TFC

Airgeadas & TFC - Réamhrá

Tá dualgas ag an Rannóg Airgeadais & Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) sraith chuimsitheach de chórais Airgeadais agus TFC a chur ar fáil atá oiriúnaitheach agus solúbtha go leor chun freastal ar éilimh IFI atá ag teacht chun cinn, agus freisin láidir go leor chun freastal ar na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach.

Bhí cumasc foriomlán na bhfeidhmeanna cuntasaíochta agus TFC den ocht n-oifig riaracháin ina thionscadal leanúnach agus rathúil. Mar gheall ar fheabhsúcháin ar an bpacáiste cuntasaíochta i rith 2011, bhí an bhainistíocht in ann cuntais bhainistíochta mhíosúla a fheiceáil agus a cheistiú go cianda, is é sin le rá nach bhfuil aon cheanglas a bheith laistigh d'oifig IFI chun scrúdú a dhéanamh ar na cuntais. Is féidir leis an bhfoireann iad seo a scrúdú ó áit ar bith ina bhfuil rochtain ar an Idirlíon.

Bainistíocht Airgeadais

Bainistíocht Airgeadais Ghinearálta

Rinneadh iniúchadh iomlán ar chuntais tionscnaimh IFI do na sé mhí dar críoch 31 Nollaig 2010 faoi dheireadh 2011. Cuirfear cuntais airgeadais IFI 2011 faoi bhráid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha faoi 29 Feabhra 2012 agus faoi hráid an Aire agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) faoi 31 Márta 2012 i gcomhlíonadh iomlán le hoibleagáidí reachtúla.

Iniúchadh Inmheánach

Ceapadh RSM McClure Watters ina nIniúcháirí Inmheánacha tar éis dóibh a bheith rathúil bpróiseas tairisceana iomaíoch. Rinneadh dhá iniúchadh inmheánacha in 2011, ceann amháin i ndáil leis an Rannóg Acmhainní Daonna, a rinne scrúdú ar earcaíocht, bainistiú d'fhreastal agus bainistiú na foirne atá ag fágáil na heagraíochta. Rinne an dara iniúchadh inmheánach scrúdú ar na rialuithe airgeadais atá i bhfeidhm, rud a chlúdaíonn na príomhchórais airgeadais sna réimsí de phárolla, costas, bainistiú cistíochta, buiséadú agus íocaíochtaí.

Maoiniú le haghaidh 2011

In 2011, fuair IFI deontas ón státchiste de €24,945,000, as a rinneadh €19,000,000 nó 77% den deontas iomlán a fuarthas a leithdháileadh i dtreo costas pá. Ghin IFI freisin €5,200,000 ó fhoinsí eile le linn 2011, méid a bhí infheistithe i mbainistíocht, caomhnú agus cosaint na hacmhainne iascaigh intíre.

Gineadh €0.6 milliún breise ón gciste Stampa Caomhnaithe Bradán le linn 2011. Tá an ciste seo le híoc amach in 2012 le hath-infheistiú i mbainistíocht, caomhnú agus cosaint na n-iascach intíre.

Infheistíodh €1.1 milliún i míreanna caipitil, agus an mhír aonair is mó den chaiteachas ar fheithiclí, is é sin €396,270. Chun éifeachtúlachtaí na foirne oibriúcháin a fheabhsú,

caitheadh €90,000 ar na teicneolaíochtaí faireachas is nua-aimseartha, lena n-áirítear ceamaraí ceilte teilifíse ciorcaid iata (CCTV), gléasanna radhairc oíche agus trealamh íomháithe theirmigh.

Ríomhanna pinsin - scor

Laistigh de chinneadh an rialtais pá na seirbhíse poiblí a laghdú in 2010, rinneadh soláthar ionas, chun críocha ríomhanna pinsean, do bhaill foirne a théann ar scor roimh 29 Feabhra 2012, go mbeadh an tuarastal neamh-laghdaíthe roimh 1 Eanáir 2010 i bhfeidhm. Mar thoradh air seo, d'iarr líon suntasach den fhoireann ríomhanna pinsin chun difríocht airgeadais idir a scor roimh 29 Feabhra 2012 agus a scor i ndiaidh an dáta sin a chinneadh. Rinne an Rannóg Airgeadais gach ríomh ba ghá. Thionóil an Rannóg Airgeadais i gcomhar leis an Rannóg Acmhainní Daonna lá faisnéise don fhoireann ar fad a bhí ag smaoineamh ar dhul ar scor go luath.

Rialachas Corparáideach

I 2011 d'fhorbair an Rannóg agus thug chun críche cúig bheartas nua rialachais chorparáidigh do IFI:

- Beartas maidir le Rialuithe Airgeadais Imheánacha agus Bainistíocht Chisteáin
- Beartas Ceannaigh agus Soláthair Phoiblí
- Beartas Taistil agus Costas
- Cód Iompair Ghnó d'Fhostaithe
- Clár Leasanna do Bhaill an Bhoird.

Tugadh cúig bheartas reatha cothrom le dáta agus rinneadh dhá cheann eile a tháirgeadh chuig céim an dréachta deiridh. Cuireadh an tuarascáil bhliantúil tionscnaimh do na sé mhí dar críoch 31 Nollaig 2010 faoi bhráid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha faoin spriocdháta reachtúil.

Bhí cúig chruinniú ag an gcoiste iniúchta in 2011.

Rinne IFI iarracht chun cloí leis an Acht um Íocaíochtaí Prasa, agus tá tuarascáil ar dhul chun cinn le fáil ar an láithreán gréasáin agus i dTábla 5 de na hAguisíní a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Plean Corparáideach

Ullmhaíodh agus cuireadh faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha Plean Corparáideach an IFI 2011-2015, de réir mar a cheanglaítear leis an Acht Iascaigh Intire 2010. D'fhaomh an Aire an plean agus tá sé ar fáil go poiblí agus ar láithreán gréasáin an IFI.

Lá Corparáideach

Bhí a chéad Lá Corparáideach ag IFI i nDeireadh Fómhair 2011, agus lena linn fuair an fhoireann faisnéis cothrom le dáta ar an phlean corparáideach cúig bliana IFI agus ar raon saincheisteanna lena mbaineann tábhacht don IFI, lena n-áirítear ráiteas Sláinte & Sábháilteachta na heagraíochta a scaipeadh. Bhí ionchur ag an bhfoireann i bhforbairt an

phlean trí chruinnithe an ghrúpa fócais a bhí ar siúl ag deireadh 2010. Le linn an chruinnithe náisiúnta, thug an CEO an Dr Ciaran Byrne aiseolas maidir le conas a mheastar ionchuir fhoirne agus conas iad a ionchorprú isteach sa phlean corparáideach. Leag sé amach freisin na príomhthosaíochtaí atá sa phlean agus conas a dhéanfar iad a sheachadadh.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Straitéis/Córais TFC

Baineadh amach nascacht iomlán idir na Ceantair Abhantraí go luath i 2011, agus gach oifig nasctha go hiomlán anois ó thaobh ailtireachta TF de. Tá post gréasáin agus agus saoráidí cuntais ar líne á dtabhairt isteach ag an roinn TFC.

Cruthaíodh toilleadh stórála breise tar éis Líonra Limistéar Stórála (SAN) a shuiteáil. Mar gheall ar an teicneolaíocht stórála breis, bhí IFI in ann an chuid is mó dá bhonneagar freastalaí fisiceach atá suite ina ionad sonraí a fhíorúlú.

Rinneadh iniúchadh ar cheadúnais bhogearraí chúloifige na heagraíochta agus baineadh comhlíonadh amach trí mheascán d'iniúchadh tí agus comhoibriú díoltóra seachtraigh.

Coinníodh tacaíocht leanúnach TFC ag ardleibhéal do na hoifigí Ceantair Abhantraí, chomh maith le oifig Shord i rith na bliana. Chríochnaigh an roinn TFC cuid de na tionscadail *ad hoc*, lena n-áirítear bunachar sonraí eascann nua a shuiteáil.

Iascach Intíre Éireann					
Dréacht-Chuntas Ioncaim agus Caiteachais do na 12 mhí go dtí 31 Nollaig 2011					
	Nótaí	2011		2010	
		€	€	€	€
Ioncam					
Maoiniú Stáit agus AE					
Deontais Oibriúcháin		24,946,450		14,053,290	
Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean	12c	<u>3,953,587</u>	28,900,037	<u>5,465,600</u>	19,518,890
Ioncam Eile	2b		5,287,770		2,119,061
Aistriú ó/(go dtí) Cuntas Caipitil	10		<u>967,111</u>		<u>(997,777)</u>
			<u>35,154.918</u>		<u>20,640,174</u>
Caiteachas					
Riarachán	3		4,818,088		4,383,117
Oibriúcháin	4		<u>28,147,660</u>		<u>18,164,787</u>
			<u>32,965,748</u>		<u>22,547,904</u>
Barrachas/(Easnamh) a tugadh isteach ar bhunú IFI					3,885,154
Barrachas/(Easnamh) ag 1 Eanáir			1,977,424		0
Barrachas/(Easnamh) ag deireadh tréimhse			<u>2,189,170</u>		<u>(1,907,730)</u>
			<u>4,166,594</u>		<u>1,977,424</u>

Dréacht-Ráiteas de Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána do na 12 mhí go dtí 31 Nollaig 2011		
	2011	2010
	€	€
(Easnamh)/Barrachas don tréimhse	<u>2,189,170</u>	<u>(1,907,730)</u>
Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais scéime pinsin	(3,592,000)	(1,761,000)
Athruithe i bhfoshuíomhanna atá mar bhun leis an luach reatha de dhliteanais scéime pinsin	6,188,000	(7,553,000)
Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach ar dhliteanais phinsin	<u>2,596,000</u>	<u>(9,314,000)</u>
Coigeartú go dtí Maoiniú Pinsin larchurtha	<u>(2,596,000)</u>	<u>9.314,000</u>
(Caillteanas)/gnóthachan Iomlán Aitheanta don tréimhse	<u><u>2,189,170</u></u>	<u><u>(1,907,730)</u></u>

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 17 mar chuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo

Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin	Dáta
--------------------------------	------

Gluais Téarmaí

Éisc Anadromacha Iad siúd a rugadh i bhfionnuisce a chaitheann an chuid is mó dá saol san fharraige agus a fhilleann ar fhionnuisce chun sceitheadh m.sh. bradán, smealt, sead, doingeann riabhach agus bradán fearna, ina samplaí coitianta. *Malairt* catadromach: a dhéanann a mhalairt – caitheann siad a saol i bhfionnuisce agus téann chuig sáile chun sceitheadh. Tá an chuid is mó d’eascanna catadromach.

Bundú Struchtúr chun cosc a chur ar bhealach isteach uisce

Cora Crump De ghnáth, cora atá deartha le fána ar leith chun áiritheoir éisc a éascú

DCENR an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha

DOF An Roinn Airgeadais

Leictre-Iascaireacht An úsáid d’fhrithghníomhú iasc ar réimsí leictreachais in uisce chun gabháil éisc a éascú.

Áiritheoirí Éisc Gléas leictreonach a úsáidtear chun an líon iasc imirce a chinneadh thar shuíomh ar leith. Féach Vaki, Logie, Páirt-Áiritheoirí thíos.

Logie Áiritheoir éisc friotachais a chuirtear trasna cora chun éisc ag bogadh in aghaidh an tsrutha nó le sruth a áireamh.

MI Foras na Mara

NPWS An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

OPW Oifig na nOibreacha Poiblí

Páirt-áiritheoir Áiritheoir éisc nach gclúdaíonn ach cuid de leithead na hAbhann, nó a dhéanann comhaireamh ar chuid de chúrsa na n-iasc amháin.

Iascaigh ‘Cuir agus Tóg’ Iascaigh ina gcuirtear stoc de bhreac gorlainne ag méid inghabhála chun slatiascaireacht áineasa a chruthú.

Clib PIT Is é clib Trasfhreagróra Comhtháite Éighníomhach (PIT) clib sreanga ionchódaithe atá ceangailte ar an iasc, agus is féidir é a léamh go cianda ag baint úsáide as léitheoir clibe pit ag úsáid teicneolaíochta minicíochta raidió.


RBD Ceantar Abhantraí.

Buanchoiste Eolaíochta do Bhradán Is é an cuspóir atá leis sin comhairle neamhspleách eolaíoch a thairiscint do IFI ar Eascanna agus Bradán.

Vaki Áiritheoir éisc infridhearg a úsáidtear in áiteanna caola ar nós pasáiste iasc chun bradán agus breac geal a áireamh.

WFD Chreat-Treoir Uisce.

Iascach Intíre Éireann



Aguisín 1. Príomhoifigí Iascach Intíre Éireann agus Léarscáil Cheantar Abhantraí

		IFI na Carraige Duibhe	IFI Chluain Meala	IFI Mhaigh Chromtha	IFI Luimnigh	IFI na Gaillimhe	IFI Bhéal an Átha	IFI Bhéal Átha Seanaidh	Iomlán
Sceitheadh/Feabhsúchán sa Sruth									
Líon na Sruthanna Abhann a Forbraíodh	Líon	5	1	1	10	35	7	2	61
Fad Abhann agus Srutha a Feabhsaíodh	Km	2	4.5	3	30	7	12	3.5	62
Forbairt Slatiascaireachta									
Líon na dTionscadal Feabhsú Áiseanna Slatiascaireachta	Líon	3	0	2	3	2	2	3	15
Infheistiú i bhFeabhsú Áiseanna Slatiascaireachta	€	12,000	0	1,500	80,100	10,000	13,000	135,000	251,600
Linnte Slatiascaireachta a Cruthaíodh	Líon	5	0	0	60	1	8	0	74
Stíleanna, Droichid Choise, Ardáin srl.	Líon	15	0	3	11	103	13	108	253
Spásanna Iascaireachta Breise a Cruthaíodh	Líon	20	0	0	80	0	0	0	100
Éisc Gharbha a Aistríodh laistigh den Réigiún	Líon	500	0	0	600	2,455	1,125	93	4,773
Glanadh Bruaigh/Feabhsú Gnáthóige	Km	1.3	0	0	4	21	22	10	58.3
Suirbhéanna									
Suirbhéanna Salmainide	Líon	10	3	6	25	65	3	23	135
Suirbhéanna Iasc Garbh	Líon	2	0	0	3	0	0	2	7
Eile	Líon	4	0	5	37	4	1	2	53

Aguisín 2. Forbairt Iascach agus Suirbhéanna a rinneadh le linn 2011

		IFI na Carraige Duibhe	IFI Chluain Meala	IFI Mhaigh Chromtha	IFI Luimnigh	IFI na Gaillimhe	IFI Bhéal an Átha	IFI Bhéal Átha Seanaidh	Iomlán
Rialú Truailithe									
Sladanna ar Éisc a Tuairiscíodh	Líon	7	4	8	9	0	1	2	31
Sladanna ar Éisc ag Talmhaíocht	Líon	1	2	2	3	0	0	0	8
Sladanna ar Éisc ag Tionsclaíocht	Líon	1	0	4	0	0	0	1	6
Sladanna ar Éisc ag Údarás Áitiúil	Líon	0	0	0	0	0	1	1	2
Eile	Líon	5	2	2	6	0	0	0	15
Litreacha Rabhaidh a Eisíodh	Líon	27	333	104	20	5	11	50	550
Ionchúisimh Thruailithe a Tionscnaíodh	Líon	3	2	7	3	0	0	1	16
Cáilíocht Uisce									
Samplaí Uisce a Glacadh	Líon	52	260	168	1,489	226	776	532	3,503

Aguisín 3. Tuarascáil ar Rialú Truailithe agus Cáilíocht Uisce do 2011

		IFI na Carraige Duibhe	IFI Chluain Meala	IFI Mhaigh Chromtha	IFI Luimnigh	IFI na Gaillimhe	IFI Bhéal an Átha	IFI Bhéal Átha Seanaidh	Iomlán
Stocáil Iasc									
Breac Donn a Stocáladh	Líon	1,000	0	0	0	1,000	3,850	0	5,850
Bradán a Stocáladh	Líon	0	0	0	*345,000	**70,000	0	0	415,000
Breac Dea-Dhathach a Stocáladh	Líon	1,500	0	41,610	1,950	2,000	3,077	0	50,137
Éisc Gharbha a Stocáladh	Líon	750	0	0	691	2,455	1,125	0	5,021
Iomlán		3,250	0	41,610	347,641	75,455	8,052	0	476,008
Stocáil IFI Shord chuig RBDanna									
Gilidíní Breac Donn	Líon	0	0	0	300,000	0	0	0	300,000
Breac Donn 1 bhliain d'aois	Líon	0	0	0	55,200	1,000	0	0	56,200
Breac Donn 2 bhliain d'aois	Líon	1,000	0	0	17,800	2,000	3,850	0	24,650
Breac Dea-Dhathach 1 bhliain d'aois	Líon	0	0	41,610	9,310	0	3,077	0	53,997
Breac Dea-Dhathach 2 bhliain d'aois	Líon	1,500	0	0	250	0	0	0	1,750
Iomlán		2,500	0	41,610	382,560	3,000	6,927	0	436,597

* IFI Luimnigh: 345,000 ubh tionscadail Chaomhnaithe Acmhainne Uisceach Atlantaigh (AARC) ó stoc goir le haghaidh cuspóirí géiniteacha.

** IFI na Gaillimhe: lena n-áirítear 60,000 gealóg bhradáin agus 10,000 colgóg bhradáin.

Aguisín 4. Tuarascáil Stocála Iasc do 2011

Ceadúnais Slatiascaireachta Slaite a eisíodh		IFI na Carraige Duibhe	IFI Chluain Meala	IFI Mhaigh Chromtha	IFI Luimnigh	IFI na Gaillimhe	IFI Bhéal an Átha	IFI Bhéal Átha Seanaidh	Iomlán
Bradán/Breac Geal	Líon	1,086	1,459	4,862	1,252	2,366	5,742	3,132	19,899
Ceadúnais Tráchtála a eisíodh									
Bradán									
(Sruthlíon)	Líon	0	0	0	0	0	0	0	0
Líon Tarraingthe	Líon	6	0	42	0	16	5	15	84
Tarraingt CFO	Líon	0	0	0	49	0	0	0	49
Líon Tarraingthe Áitiúil Speisialta	Líon	0	0	0	9	0	23	8	40
Sciob-Líon	Líon	0	87	7	0	0	0	0	94
Eile	Líon	0	0	*1	0	0	24	**22	47
Iomlána	Líon	6	87	50	58	16	52	45	314
Déileálaithe Bradán/Breac	Líon	54	24	0	17	14	17	15	171
Déileálaithe Eascann	Líon	1	0	0	0	0	0	0	1
Déileálaithe Moileasc	Líon	64	24	0	30	10	5	6	165
Iascaigh Faoi Bhainistíocht IFI									
Iascaigh Faoi Bhainistíocht	Líon	2	0	16	18	4	8	8	56
Laethanta Slaite	Líon	1,500	0	***0		2,373	3,662	996	8,531
Ioncam	€	1,000	0	156,021	99,012	149,407	172,184	42,441	620,065

* Baineann Ceadúnais Tráchtála 'Eile' IFI Mhaigh Chromtha le 1 cheadúnas Bosca/Cruibe.

** Baineann Ceadúnais Tráchtála 'Eile' IFI Bhéal Átha Seanaidh, le 22 cheadúnas oisre.

*** Tá Laethanta Slaite in IFI Mhaigh Chromtha neamh-inchinntithe mar gheall ar dhíolachán de cheadanna il-laethanta agus bliantúla.

Aguisín 5. Ceadúnais Iascaireachta agus Iascaigh Faoi Bhainistíocht RBD in 2011

		IFI na Carraige Duibhe	IFI Chluain Meala	IFI Mhaigh Chromtha	IFI Luimnigh	IFI na Gaillimhe	IFI Bhéal an Átha	IFI Bhéal Átha Seanaidh	Iomlán
Cosaint & Faireachas									
Patróil Bháid	Uair.								
Ghearrfhaid	Dhuine	8,574	3,528	1,658	3,750	4,329	1,960	2,775	26,574
Líon gafa	Méadair	865	4,645	6,307	4,001	5,003	4,122	5,268	30,211
Báid gafa	Líon	2	2	1	2	0	2	5	14
Ionchúisimh									
Tionscanta	Líon	13	4	30	23	4	20	75	169

Aguisín 6. Tuarascáil Chosanta agus Fhaireachais do 2011

Coibhéis Lánaimseartha Soláthar Foirne IFI (FTE) 2011			
Foireann Bhuan (FTE)		Líon	313.85
Foireann Sealadach Maoinithe ag an Státchiste (FTE)		Líon	18.4
Foireann Maoinithe ag Tionscadal (AE nó eile)		Líon	9
Foireann Iomlán (FTE)			341.25

Aguisín 7. Foireann IFI amhail 31 Nollaig 2011

Réigiún	Ceadúnais Slatiascaireachta Bradán & Breac Geal a Díoladh	Tuairisceáin Logleabhair Bradán & Breac Geal	*% Tuairisceáin Logleabhair
IFI na Carraige Duibhe	1,086	980	90%
IFI Chluain Meala	1,459	1,152	79%
IFI Mhaigh Chromtha	4,862	3,618	74%
IFI Luimnigh	1,252	911	73%
IFI na Gaillimhe	2,366	1,716	73%
IFI Bhéal an Átha	5,742	4,146	72%
IFI Bhéal Átha Seanaidh	* 3,132	1,891	60%
Náisiúnta	19,899	14,414	72%

*Níl 22 Ceadúnas Oisre a dhíol IFI Bhéal Átha Seanaidh san áireamh i líon na gceadúnas a díoladh. Níl tuairisceáin logleabhair riachtanach sa chatagóir seo.

Aguisín 8. Ceadúnais Slatiascaireachta Bradán agus Breac Geal agus Tuairisceáin Logleabhair do 2011

Catagóir Cheadúnais	Bliantúil A	Dúiche B	Ógánach P	21 Lá R	1 Lá S	Síneadh Feabhail W	Áitiúil Speisialta W	Iomlán Réigiúin
IFI na Carraige Duibhe	521	366	55	83	57	4	0	1,086
IFI Bhéal Átha Seanaidh	212	990	207	426	453	667	177	3,132
IFI Luimnigh	237	801	94	57	63	0	0	1,252
IFI Chluain Meala	299	881	80	151	48	0	0	1,459
IFI Mhaigh Chromtha	756	2,050	298	1,035	721	2	0	4,862
IFI Bhéal an Átha	507	2,125	413	1,662	863	172	0	5,742
IFI na Gaillimhe	365	664	145	616	569	7	0	2,366
Náisiúnta	2,897	7,877	1,292	4,030	2,774	852	177	19,899

Aguisín 9. Díolacháin Cheadúnas Slatiascaireachta Bradán agus Breac Geal i ngach RBD do 2011

Dúiche Iascaigh	Inneal/Cineál	Abhainn	Bradán a Gabhadh	Breac Geal a Gabhadh	Gabháil Iomlán Bradán & Breac Geal a Tuairiscíodh
Dún Dealgan	Líon Tarraingthe	Abhainn Chaisleán Dhún Dealgan	25	0	25
Port Láirge	Sciob-Líon	An Fheoir	1,490	10	1,500
Port Láirge	Sciob-Líon	An tSiúir	566	3	569
Lios Mór	Líon Tarraingthe	An Abhainn Mhór (Cúige Mumhan)	169	2	171
Lios Mór	Sciob-Líon	An Abhainn Mhór (Cúige Mumhan)	717	0	717
Corcaigh	Líon Tarraingthe	Abhainn na Bandan	65	0	65
		An Aighlinn	64	1	65
		An Laoi (Corcaigh)	1,239	8	1,247
Ciarraí	Líon Tarraingthe	Abhainn Chárthaí	0	0	0
		An Eithne (An Cnoc Maol)	35	3	38
		An Leamhain	1,824	15	1,839
		An Abhainn Mhór (Brandan)	157	3	160
		An Ruachtach	177	0	177
		Loch na dTrí gCaol	697	2	699
Luimneach	Líon Tarraingthe CFO	An Fhéil	2,015	13	2,028
Baile na Coille	Líon Tarraingthe	Abhainn Ghlinne	14	0	14
		Abhainn Damhrois	30	0	30
		Abhainn Chúil Finn	91	0	91
		An Caoláire Rua	377	0	377
Baingear	Líon Tarraingthe	Comh-inbhear	422	0	422
		An Abhainn Dubh	569	0	569
		Abhainn Ghleann na Muaidhe	44	0	44
		An Abhainn Mhór	600	0	600
		Abhainn Uaithne	19	0	19
Béal Átha Seanaidh	Líon Tarraingthe	An Eidhnigh	78	1	79
Leitir Ceanainn	Líon Tarraingthe	Gaoth Barra	158	0	158
	Líon Tarraingthe Speisialta Áitiúil	Abhainn Fhia/Abhainn tSocair	331	0	331

Iomlána	11,973	61	12,034
Aguisín 10. Gabhálacha Tráchtála Bradán agus Breac Geal faoi Abhainn ó thuairisceáin Logleabhair 2011			

	Líon clibeáilte go dtí Nollaig 2011	Líon aisghafa go dtí Nollaig 2011	% Toradh	Laethanta Saoirse	Achar Slánaithe (Mílte)	Líon clibeáilte in 2011
Siorc Gorm	18,934	833	4.46%	2-2,887	0-4,250	238
Craosaire	165	7	4.38%	71-3,947	89-2,300	5
Sionnach Mara	1	0	0	0	0	0
Gearrthóir	6,929	436	6.63%	28-6,587	0-2,185	349
Anglait	1,027	190	18.50%	0-4,525	0-720	0
Sciata	1,215	160	13.38%	0-3,257	0-120	19
Sciata Socfhada	3	0	0	0	1	0
Sciata Bán	21	1	4.76%	975	3	0
Roc Fionn	714	117	16.39%	26-1,871	0-45	0
Roc Dústríoctha	1,098	55	5.03%	0-2,676	0-60	4
Roc Garbh	9,880	285	2.92%	0-2,190	0-80	107
Roc Dathannach	270	13	4.96%	13-1,398	0-20	8
Roc Mín	358	13	3.68%	294-1,373	0-72	5
Fíogach Gobach	196	0	0	0	0	24
Doingean	1,805	56	3.10%	0-1,373	0-88	0
Milléad Liath	311	5	1.61%	0-275	0-200	0
Leith	287	30	10.45%	0-738	0-3.5	0
Roc an Gha Nimhe	41	0	0	0	0	1
Fíogach Mór	111	5	4.81%	103-1,499	0-125	7
Daba	43	2	4.65%	378	2	0
Scoirneach	147	2	1.56%	0	0	19
Leathóg	5	1	20,%	70	0	0
Tuinnín Gorm Atlantach	11	0	0	0	0	0
Iomlána	43,572	2,211	0	0	0	786
Iomlán Iasc Clibeáilte go dtí seo : 43,572						

Aguisín 11. Clibeáil agus Aisghabháil de Speicis Mhuirí go dtí Nollaig 2011

Sonraí	Líon	Luach €	Céatadán de líon iomlán íocaíochtaí a rinneadh
Líon íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá	7,868	€4,254,180	56%
Líon íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 16 go dtí 30 lá	4,037	€2,547,060	29%
Líon íocaíochtaí a rinneadh tar éis 30 lá	2,183	€2,025,954	15%
Iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh in 2011	14,088	€8,827,194	100%

Aguisín 12: Íocaíochtaí Prasa ag IFI do 2011

Comhalta Boird	Costais Mhíleáiste agus Chothaithe 2011
Brendan O'Mahony (Cathaoirleach)	6,626
Andrew Duncan ^{1,2}	3,189
Lal Faherty ¹	5,908
An Dr. Frances Lucy ¹	3,439
John Carroll	4,344
John Geary ²	3,722
Michael McGreal ²	4,608
Marcus Mac Mahon ²	3,313
Muireann O'Neill ¹	5,760
Iomlán	40,909
Tá roinnt comhaltaí ar Fhochoistí an Bhoird freisin:	
¹ ciallaíonn Coiste Iniúchóireachta	
² ciallaíonn Coiste Maoine	
*	

Aguisín 13. Sceideal Táillí agus costas a íocadh le Comhaltaí Boird IFI in 2011

A series of three wavy, dotted lines in a light blue-grey color, spanning across the middle of the page. They originate from the left edge and extend towards the right, with the last line ending just before the contact information.

**Inland Fisheries Ireland
Swords Business Campus,
Swords,
Co. Dublin,
Ireland.**

**Web: www.fisheriesireland.ie
Email: info@fisheriesireland.ie
Tel: +353 1 8842 600
Fax: +353 1 8360 060**